# Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn
# Paca um Thuairisciú Bliantúil Airgeadais

## Don tréimhse naoi mí dhéag dar críoch 31 Márta 2022

Clár


| | | |
|---|---|---|
| Cuid 1: | Ráiteas um Rialachas Corparáideach | 2-10 |
| Cuid 2: | Ráiteas faoin Chóras um Rialú Inmheánach | 11-14 |
| Cuid 3: | Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 15-16 |
| Cuid 4: | Ráitis Airgeadais | 17-44 |

**Cuid 1: Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn: Ráiteas um Rialachas Corparáideach do na naoi mí dhéag dar críoch 31 Márta 2022**

Um meán oíche ar 31 Márta 2022, díscaoileadh Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (an Institiúid) agus ó 1 Aibreán 2022, bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (an Ollscoil) faoi théarmaí an Achta um Ollscoileanna Teicneolaíochta 2018 agus an Ordaithe Achta um Ollscoileanna Teicneolaíochta 2018 (alt 36) (lá ceaptha) 2022 (IR 56 de 2022). Mar Chathaoirleach an Bhoird Rialaithe agus Uachtarán na hOllscoile, déanaimid na ráitis seo a leanas bunaithe ar shaothar an Bhoird Rialaithe agus Bainistíochta na hInstitiúide.

I mí Lúnasa 2016 foilsíodh Cód nua Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a tháinig i bhfeidhm ó 1 Meán Fómhair 2016. I mí Eanáir 2018 foilsíodh Cód Rialachais le haghaidh Institiúidí Teicneolaíochta Éireann faoi réir ag riachtanais nua an Chóid Stáit; rinne an tÚdarás um Ard-Oideachas uasdátú air i mí an Mheithimh 2019. Ghlac an Institiúid le Cód Rialachais 2019 (dá ngairtear an Cód Rialachais) ag cruinniú den Bhord Rialaithe i mí Mheán Fómhair 2019.

**1. An Bord Rialaithe (Cód Rialachais an UAO Alt 1.18 agus 6.3)**

Bunaíodh an Bord Rialaithe faoi réir na nAchtanna um Cheardcholáistí Réigiúnacha 1992 go 2001 agus sannadh feidhmeanna breise faoi réir Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta 2006. Bhí an Bord Rialaithe freagrach don Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus freagracht air dea-rialachas a chinntiú.

Bhí an Bord Rialaithe comhfhreagrach as ceannasaíocht agus stiúradh imeachtaí na hInstitiúide; chomhlíon sé feidhmeanna lárnacha ar a n-áirítear: athbhreithniú ar threorú straitéiseach agus ar mhórphleananna gníomhaíochta, polasaithe agus nósanna imeachta um bainistiú priacail, buiséid agus pleananna gnó bliantúla; cuspóirí feidhmíochta a leagadh síos, monatóireacht feidhmíochta agus forbhreathnú ar mhórchinntí um chaiteachas caipitiúil agus infheistíochta. Ghníomhaigh an Bord Rialaithe ar bhonn láneolais a bhí eiticiúil, de mheon macánta, faoi dhíograis agus faoi chúram cuí agus chun críche is fearr na hInstitiúide, agus aird chuí ag an mBord Rialaithe ar a fhreagrachtaí dlíthiúla agus ar na cuspóirí a bhí leagtha síos ag an Rialtas.

**2. Comhlíonadh Cóid agus Ráiteas Comhaontaithe leis an UAO (Cód UAO – 8.1 agus Aguisín G, Alt 1)**

Dearbhaíonn an Institiúid go raibh doiciméadú agus comhaontú foirmiúil leis an UAO, maidir le hoiriúnú agus comhlíonadh le riachtanais Chód Rialachais an UAO le haghaidh Institiúidí Teicneolaíochta. Cuimsíonn an comhlíonadh seo cleachtais agus nósanna imeachta inmheánacha na hInstitiúide agus caidrimh sheachtracha leis an Rialtas, leis an Aire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

**3. Plean Straitéiseach, Cláir Bhliantúla agus Buiséad (Cód UAO – 1.17 agus Aguisín G, Alt 2)**

Rinne Bord Rialaithe na hInstitiúide measúnacht ar fheidhmíocht iarbhír, i bhfianaise Phlean Straitéiseach agus Buiséad na hInstitiúide agus dá éis sin d'fhaomhaigh Clár Bliantúil agus Buiséad le haghaidh na hInstitiúide.

**4. Oibriú an Bhoird Rialaithe, Feidhmeanna Forchoimeádta agus Cinntí Tarmligthe ar an mBainistíocht (Cód UAO – 6.3 agus Aguisín G, Alt 5)**

Bhí an Bord Rialaithe comhfhreagrach as ceannasaíocht agus stiúradh imeachtaí na hInstitiúide, i gcomhlíonadh le Cód Rialaithe an UAO. Is feidhmeanna agus cinntí na bainistíochta iad na feidhmeanna agus cinntí uile nach bhfuil sceidealaithe ar leith sa Chód Rialachais (Aguisín B, Feidhmeanna Forchoimeádta, Feidhmeanna Reachtúla agus Riachtanais Rialála.

**5. Comhlíonadh leis an gCód Caiteachais Phoiblí (Cód UAO – 6.10 (viii), 8.22 agus Aguisín G, Alt 11)**

Dhearbhaigh an Bord Rialaithe gur chloí an Institiúid leis na gnéithe bainteacha den Chód Caiteachais Phoiblí agus gur chinntigh an Bord Rialaithe go bhfuil córais agus nósanna imeachta i bhfeidhm, atá láidir agus éifeachtach, um chomhlíontacht a chinntiú leis na prionsabail, riachtanais agus treoirlínte bainteacha den Chód Caiteachais Phoiblí. Dhearbhaigh an Institiúid go raibh a cuid polasaithe agus nósanna imeachta maidir le tionscadail chaipitiúla a bhainistiú ag comhlíonadh na prionsabail, riachtanais agus treoirlínte bainteacha den Chód Caiteachais Phoiblí agus den Chreat um Bainistiú Oibreacha Caipitiúla.

## 6. Cruinnithe an Bhoird Rialaithe (Cód UAO – 4.9, 6.4 (iv) agus Aguisín G, Alt 8)

Le linn na tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2020 go 31 Márta 2022 bhí trí chruinniú déag ar leith ag an mBord Rialaithe ar na dátaí seo a leanas:

| Figiúr 1.1 | | | |
|---|---|---|---|
| **Sceideal - Cruinnithe an Bhoird Rialaithe agus Tinreamh Comhaltaí an Bhoird Rialaithe** | | | |
| **Comhaltaí an Bhoird Rialaithe** | **Ról** | **Líon Cruinnithe an Bhoird Rialaithe a raibh siad i láthair** | **Líon Cruinnithe an Bhoird Rialaithe le linn na tréimhse** |
| Fintan Moloney | Cathaoirleach | 13 | 13 |
| Paul Hannigan, President | Uachtarán | 13 | 13 |
| Pat Campbell | Comhalta | 13 | 13 |
| Joan Crawford | Comhalta | 12 | 13 |
| Siobhan Cullen | Comhalta | 12 | 13 |
| Emily Duffy | Comhalta | 2 | 2 |
| Mary Hernandez | Comhalta | 7 | 8 |
| Seamus Hughes | Comhalta | 12 | 13 |
| Comhairleoir Niamh Kennedy | Comhalta | 7 | 13 |
| Seamus Kilgannon | Comhalta | 12 | 13 |
| Peter Lynch | Comhalta | 3 | 8 |
| Philip Maguire | Comhalta | 8 | 13 |
| Comhairleoir Michael McBride | Comhalta | 9 | 13 |
| Linda McGlinchey | Comhalta | 13 | 13 |
| Anne McHugh | Comhalta | 11 | 13 |
| Bernie Mulhern | Comhalta | 8 | 11 |
| Grainne O'Brien | Comhalta | 12 | 13 |
| Adam O'Flaherty | Comhalta | 5 | 5 |
| Comhairleoir Paddy O'Rourke | Comhalta | 10 | 13 |
| Meadbh Seoighe | Comhalta | 8 | 13 |
| Marie Slevin | Comhalta | 8 | 13 |

Cúig huaire le linn na tréimhse, i mí Mheán Fómhair 2020, mí na Nollag 2020, mí an Mheithimh 2021, mí na Samhna 2021, agus mí an Mhárta 2022, bhí cruinniú ag an mBord Rialaithe gan lucht bainistíochta i láthair. Chomh maith leis sin, bhí cruinniú ag an mBord Rialaithe gan aon chomhaltaí a bhain leis an Instítiúid i láthair ar na hócáidí céanna sin, i mí Mheán Fómhair 2020, mí na Nollag 2020, mí an Mheithimh 2021, mí na Samhna 2021, agus mí an Mhárta 2022, faoi réir ag Alt 4.9 den Chód Rialaithe UAO 2019.

## 7. Táillí agus Costais (Cód UAO 6.4 (iv) agus Aguisín G, Alt 8)

Bhí táillí agus/nó costais a íocadh le comhaltaí an Bhoird Rialaithe de réir na dtreoirlínte ón Roinn Airgeadais. Dhearbhaigh an Institiúid nach bhfuair comhaltaí an Bhoird Rialaithe táillí as comhaltacht an Bhoird Rialaithe. D'fhéadfadh go bhfuair comhaltaí an Bhoird Rialaithe costais as freastal ar chruinnithe an Bhoird Rialaithe agus d'fhéadfadh go bhfuair siad táillí agus costais as bheith páirteach ar Bhoird Agallaimh. Íocadh táillí agus costais uile dá leithéid de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais mar atá sonraithe thíos.

**Figiúr 1.2**

**Costais an Bhoird Rialaithe ón tréimhse 1 Meán Fómhair 2020 go 31 Márta 2022 (Cód UAO – 9.17 agus Cód UAO – Aguisín H, Alt 3)**

| Comhaltaí an Bhoird Rialaithe | Costais | Táillí (Agallaimh etc.) | Iomlán Íoctha |
|---|---|---|---|
| Bernie Mulhern | 1,327 | 8,250 | 9,577 |
| Seamus Kilgannon | 1,137 | 6,000 | 7,137 |
| Iomlán | **2,464** | **14,250** | **16,714** |

## 8. Bainistiú Priacail (7.2 agus Cód UAO – Aguisín G, Alt 10)

D'fhaomhaigh an Bord Rialaithe creat bainistiú priacail na hInstitiúide agus rinne monatóireacht ar éifeacht, faomhadh agus forbhreathnú Pholasaí um Bainistiú Priacail na hInstitiúide, ar a n-áirítear athbhreithnithe struchtúrtha tréimhsiúla agus uasdátaithe ar Chlár Corparáideach Priacail ag an mBord Feidhmiúcháin. Chuimsigh an t-athbhreithniú seo measúnú ar na príomhphriacail, an rátáil priacail agus na maolaithe bainteacha maidir le gach ceann de na priacail atá leagtha amach i gClár Corparáideach Priacail na hInstitiúide. Chomh maith leis sin, ghlac an Institiúid páirt i gClár Priacail maidir le CCA (Comhaontas Connacht Uladh) i mí an Mheithimh 2021. Rinne an Bord Rialaithe athbhreithniú ar an gClár Priacail i mí Feabhra 2022.

## 9. Coiste Iniúchta agus Priacail (Cód UAO – 1.13 agus Aguisín G, Alt 6)

Leag Bord Rialaithe na hInstitiúide síos na Téarmaí Tagartha le haghaidh an Choiste Iniúchta agus Priacail, a chuimsigh iad seo a leanas:

- Comhaltas
- Riachtanais um Thuairisciú
- Údarás um Imscrúdú
- Cruinnithe – am, riaradh agus minicíocht
- Riachtanais Faisnéise
- Luach ar Airgead
- Rialú agus freagrachtaí maidir le:
- Bainistiú Priacail
- Rialú Inmheánach
- Iniúchadh Inmheánach
- Iniúchadh Seachtrach
- Athbhreithniú ar a éifeachtúlacht féin

Bhí Cathaoirleach an Bhoird Rialaithe sásta gur chomhlíon an Coiste Iniúchta agus Priacail a ról go héifeachtúil agus go héifeachtach agus gur comhlíonadh a riachtanais maidir le minicíocht cruinnithe le linn na tréimhse. Bhí ocht gcruinniú ag an gCoiste Iniúchta agus Priacail le linn na tréimhse naoi mí dhéag ó 1 Meán Fómhair 2020 go 31 Márta 2022.

Féach figiúr 1.3 thíos le haghaidh sonraí na gcruinnithe le linn na tréimhse.

| **Figiúr 1.3**<br>**Sceideal – Cruinnithe an Choiste Iniúchta agus Priacail agus Tinreamh Comhaltaí** | | | |
|---|---|---|---|
| Comhaltaí an Bhoird Rialaithe | Ról | Lion Cruinnithe an Choiste Iniúchta agus Priacail a raibh siad i láthair | Lion Cruinnithe an Choiste Iniúchta agus Priacail le linn na tréimhse |
| Philip Maguire | Cathaoirleach | 8 | 8 |
| Seamus Hughes | Comhalta | 8 | 8 |
| Anne McHugh | Comhalta | 8 | 8 |
| Comhairleoir Niamh Kennedy | Comhalta | 4 | 8 |
| Deborah Nolan | Comhalta Seachtrach | 7 | 8 |

**10. Cruinnithe Coiste Eile (Cód UAO – 4.9, 6.4 (iv) agus Aguisín G, Alt 8)**

Bhí trí chruinniú ag an gCoiste Comhionannais Inscne le linn na tréimhse 1 Meán Fómhair 2020 go 31 Márta 2022. Féach figiúr 1.4 thíos le haghaidh sonraí na gcruinnithe le linn na tréimhse.

| **Figiúr 1.4**<br>**Cruinnithe Coiste Eile** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Comhaltaí an Bhoird Rialaithe | Ainm an Choiste | Ról | Lion Cruinnithe a raibh siad i láthair | Lion Cruinnithe le linn na tréimhse |
| Grainne Devine | Coiste Comhionannais Inscne | Cathaoirleach | 3 | 3 |
| Pat Campbell | Coiste Comhionannais Inscne | Comhalta | 1 | 3 |
| Bernie Mulhern | Coiste Comhionannais Inscne | Comhalta | 2 | 3 |
| Peter Lynch | Coiste Comhionannais Inscne | Comhalta | 1 | 3 |

**11. Measúnú Feidhmíochta ar an mBord Rialaithe agus a Choistí (Cód UAO - 4.6, 6.10 (xxii) agus Aguisín G, Alt 4) (Cód RCPA – 4.6) (Cód UAO – Aguisín I, Alt 26)**

Rinne an Bord Rialaithe dhá fhéinmheasúnú ar a fheidhmíocht agus ar fheidhmíocht a coistí le linn na tréimhse 1 Meán Fómhair 2020 go 31 Márta 2022; críochnaíodh iad sin ar 18 Feabhra 2021 agus 17 Feabhra 2022 faoi seach. Chuige seo, bhain an Bord Rialaithe feidhm as an gceistneoir féinmheasúnaithe i gCód Rialaithe an UAO agus fostaíodh soláthraí seachtrach neamhspleách um

athbhreithniú a dhéanamh uair amháin i ngach téarma. Rinne Mazars an t-athbhreithniú seachtrach ar an mbord rialaithe agus ar fheidhmíocht a choistí i mí Mhárta 2019; cuireadh i láthair an Bhoird Rialaithe é i mí Bhealtaine 2020. Níor deineadh athbhreithniú seachtrach ag deireadh téarma an Bhoird Rialaithe de bhrí gur díscaoileadh an Institiúid ar an 31ú Márta (de réir an Achta OT 2018). Phléigh an Bord Rialaithe an riachtanas um athbhreithniú seachtrach ag deireadh téarma agus praiticiúlacht maidir leis seo a dhéanamh tráth nárbh ann a thuilleadh don bhord; aontaíodh gan athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ag deireadh téarma.

**12. Ceisteanna Ginearálta Rialachais agus Freagrachta (Cód UAO – 6.9 (xxviii) agus Aguisín I, Alt 32)**

Dhearbhaigh an Institiúid nach raibh aon cheisteanna rialachais ná freagrachta ba mhian leis an Institiúid a thabhairt ar aird an Aire Breisoideachais & Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta & Eolaíochta ná ar aird an Údaráis Ard-Oideachais.

**13. Diúscairtí Sócmhainní (Cód UAO – 8.39)**

Dhearbhaigh an Institiúid nach raibh, le linn na tréimhse airgeadais, aon diúscairtí sócmhainní ná deonuithe rochtana ar mhaoin ná bonneagar um shocruithe tráchtála le tríúpáirtithe os cionn an tairseach €150,000 nach raibh faoi réir ag ceant nó próiseas iomaíoch tairisceana.

**14. Forbairtí Suntasacha Tráchtála ag dul i bhfeidhm ar an Institiúid (Cód UAO – 6.10 (ii) agus Aguisín I, Alt 3)**

Dhearbhaigh Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn nach raibh aon fhorbairtí suntasacha tráchtála a chuaigh i bhfeidhm ar an Institiúid le linn na tréimhse. Ní raibh freisin, chomh fada agus is eol don Institiúid, aon cheisteanna móra gur dócha a n-éireodh sa ghearrthéarma nó sa mheántéarma a rachadh i bhfeidhm ar an Institiúid.

**15. Achoimre ar Idirbhearta Lasmuigh de Chlár Comhardaithe na hInstitiúide (Cód UAO – 6.10 (iii) agus Aguisín I, Alt 4)**

*Níl sé seo infheidhme maidir leis an tréimhse 1 Meán Fómhair 2020 go 31 Márta 2022.*

**16. Cód Iompair le haghaidh Comhaltaí agus Fostaithe (Cód UAO – 6.10 (vi) agus Aguisín I, Alt 6)**

Dhearbhaigh an Institiúid go raibh Cód Iompair le haghaidh Comhaltaí agus Fostaithe araon curtha i bhfeidhm. Cuimsíodh ann polasaithe follasacha maidir le coimhlint leasa agus eitic in oifigí poiblí.

**17. Comhlíonadh le Polasaí an Rialtais maidir le Pá an Uachtaráin agus Fostaithe Institiúide (Cód UAO – 6.10 (viii) agus Aguisín I, Alt 7)**

Dhearbhaigh an Institiúid go raibh a cuid oibleagáidí comhlíonta faoi pholasaí an Rialtais maidir le pá an Uachtaráin agus fostaithe uile na hInstitiúide.

Féach freisin nóta nochta 9 sa ráiteas airgeadais.

**18. Ráiteas Comhlíontachta (Cód UAO – 9.17 agus Aguisín I, Alt 9)**

Dhearbhaigh Cathaoirleach na hInstitiúide go raibh Treoirlínte Pá an Rialtais á gcomhlíonadh maidir le daoine atá ceaptha ar Bhord Rialaithe na hInstitiúide agus ar fho-eagrais ar bith na hInstitiúide. Cuimsíonn Figiúr 1.2 thuas sceideal táillí agus costais uile a íochtar le comhaltaí an Bhoird Rialaithe.

**19. Tuairisciú ar Nochtuithe Faoi Rún – An tAcht um Nochtuithe Cosanta 2014 (Cód UAO – 6.10 (xiii) agus Aguisín I, Alt 13)**

Dhearbhaigh Bord Rialaithe go raibh nósanna imeachta um Thuairisciú ar Nochtuithe Faoi Rún curtha i bhfeidhm san Institiúid. Faoi na nósanna imeachta seo, d'fhéadfadh fostaithe, faoi rún, imní a chur in iúl maidir le mírialtachtaí dóchúla airgeadais nó maidir le ceisteanna ar bith eile; cinntíodh freisin go ndéanfaí imscrúdú suntasach ar aon cheisteanna a ardaíodh ar an mbealach seo. Bhí an Tuairisciú ar Nochtuithe Faoi Rún in áit ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn de réir an Achta um Nochtuithe Cosanta 2014.

Dhearbhaigh an Bord Rialaithe freisin go raibh an tuarascáil bhliantúil, mar is gá faoi alt 22(1) den Acht, foilsithe ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide.

Ní bhfuarthas aon nochtuithe cosanta ó fhostaithe ha hInstitiúide le linn na tréimhse.

**20. Dlíthe Cánach (Cód UAO – 6.9 (xvi agus Aguisín I, Alt 15)**

Dhearbhaigh an Institiúid gur chomhlíonadh a cuid oibleagáidí faoi na dlíthe cánach.

Féach freisin nóta nochta 12 sa ráiteas airgeadais.

**21. Conspóidí Dlíthiúla (Cód UAO – 8.45 agus Aguisín I, Alt 16 agus Cód UAO 8.45)**

Léirítear costais/socruithe dlíthiúla i nóta nochta 11 sa ráiteas airgeadais. Ní raibh aon chonspóidí dlíthiúla idir Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus Eagrais eile Stáit.

## 22. Fo-eagrais Institiúide (Cód UAO – 6.10 (xviii), 6.10 (xxviii) agus Aguisín I, Alt 18 agus Alt 31)

*Níl sé seo infheidhme maidir leis an tréimhse 1 Meán Fómhair 2020 go 31 Márta 2022.*

## 23. Maoin Intleachtúil (MI) agus Coimhlint Leasa

Bhí Polasaí aonair MI in áit ag an Institiúid, foilsithe ar a suíomh gréasáin, a léirigh riachtanais an Phrótacail Náisiúnta MI maidir le Bainistiú Náisiúnta MI.

Bhí Polasaí aonair um Choimhlint Leasa in áit ag an Institiúid, foilsithe ar a suíomh gréasáin. Dhearbhaigh an Institiúid gur rinne an Bord Rialaithe athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar thráchtáiliú MI agus ar choimhlintí leasa.

## 24. Cothroime Inscne, éagsúlacht agus cuimsiú (Cód RCPA – Iarscríbhinn, Ciorclán 14/2020)

D'aithin an Institiúid an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht agus cuimsiú maidir le foireann agus mic léinn na hInstitiúide. Uime sin bhí tionscnaimh curtha i bhfeidhm ag an Institiúid a bhí dírithe ar thimpeallacht chuimsitheach a chothú, iarratas ar Ghradam Cré-umha Institiúide Athena SWAN san áireamh. D'éirigh leis an Institiúid an Gradam Cré-umha Athena SWAN a bhaint amach le linn 2021.

Maidir le comhaltacht an Bhoird Rialaithe, cé go bhféadfadh an Institiúid páirt a glacadh sa phróiseas ceapacháin agus go ndearnadh é sin, is é an tAire a rinne na cinntí ceapacháin. Um 31 Márta 2022 bhí 8 (50%) ban agus 8 bhfear (50%) ar an mBord Rialaithe. Mar sin, chomhlíon an Bord Rialaithe an sprioc um íosráta 40% an dá inscne mar chomhaltaí ar bhoird eagras stáit.

Féach Figiúr 1.1 um liosta comhaltaí an Bhoird Rialaithe agus na róil atá acu.

## 25. Nochtuithe Breise

Ag a chruinniú i mí Meán Fómhair 2019 ghlac an Bord Rialaithe le Cód Rialachais le haghaidh Institiúidí Teicneolaíochta 2019 an UAO. Is riachtanas faoin Chód nochtuithe breise a dhéanamh maidir le cúrsaí áirithe agus tá na nochtuithe sin déanta mar seo a leanas:

- Taisteal agus Cothú (Cód UAO – 6.3 agus Aguisín H, Alt 8), nochtuithe ins na Ráitis Airgeadais Nóta 11b
- Caiteachas Fáilteachais (Cód UAO – 6.3 agus Aguisín H, Alt 9), nochtuithe ins na Ráitis Airgeadais Nóta 11b
- Costais/Socruithe Dlíthiúla (Cód UAO – 6.3 agus Aguisín H, Alt 10), nochtuithe ins na Ráitis Airgeadais Nóta 11
- Táillí Comhairleachta (Cód UAO – 6.5 Aguisín H, Alt 4 agus Aguisín I, Alt 23), nochtuithe ins na Ráitis Airgeadais Nóta 11b

**26. Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais (Cód UAO – 1.18 agus Aguisín G, Alt 3)**

Tá an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais athbhreithnithe agus faofa ag Bord Rialaithe na hOllscoile agus meastar go dtugann na Ráitis Airgeadais léargas fíor agus cothrom ar fheidhmiú airgeadais na hInstitiúide agus ar a staid airgeadais ag deireadh na tréimhse.

**27. Ráiteas um Fhreagracht na hInstitiúide agus na hOllscoile**

Faoin Acht um Ollscoileanna Teicneolaíochta 2018 leagtar dualgas ar OTA Ráitis Airgeadais na hInstitiúide a ullmhú agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste um iniúchadh. In ullmhú na Ráitis Airgeadais seo, is dualgas don Institiúid:

- Polasaithe oiriúnacha cuntasaíochta a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn comhsheasmhach.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama.
- Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí a cheapadh go leanfaidh an Institiúid ag oibriú.
- Aon imeachtaí ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta atá infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Bhí an Institiúid freagrach as taifid dhóthanacha cuntasaíochta a choimeád a léirigh staid airgeadais na hInstitiúide am ar bith le cruinneas réasúnta agus a chuir ar chumas na hInstitiúide a chinntiú gur chomhlíon na Ráitis Airgeadais leis na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006.

Bhí an Institiúid freagrach freisin as a sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh um chalaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

**Sínithe thar ceann Bhord Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

| | |
|---|---|
| ***Maura McNally S.C.*** | ***21 Lúnasa 2023*** |
| ________________________ | _________ |
| **Maura McNally** | **Dáta** |
| **Cathaoirleach; Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh** | |
| **Dr Orla Flynn** | ***24 Iúil 2023*** |
| ________________________ | _________ |
| **Dr Orla Flynn** | **Dáta** |
| **Uachtarán; Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh** | |

**Cuid a Dó: Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanann: Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach**

## 1. Scóip Fhreagrachta (Cód UAO – Aguisín I, Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Alt 1)

Um meán oíche ar 31 Márta 2022, díscaoileadh Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (an Institiúid) agus ó 1 Aibreán 2022, bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (an Ollscoil) faoi théarmaí an Achta um Ollscoileanna Teicneolaíochta 2018 agus an Ordaithe Achta um Ollscoileanna Teicneolaíochta 2018 (alt 36) (lá ceaptha) 2022 (IR 56 de 2022).

Suas chuig an dáta sin, bhí Bord Rialaithe na hInstitiúide freagrach as a chinntiú go raibh á choinneáil agus á oibriú san Institiúid córas éifeachtach um rialú inmheánach agus go gcuirfí in áit próisis agus nósanna imeachta um a chinntiú go raibh an córas éifeachtach. Léirigh an fhreagracht seo riachtanais an Chóid Cleachtais um Rialú Eagras Stáit (2016) mar atá cuimsithe ag Cód UAO um Rialú Institiúidí Teicneolaíochta.

Mar Chathaoirleach an Bhoird Rialaithe agus Uachtarán na hOllscoile, déanaimid na ráitis seo a leanas bunaithe ar shaothar an Bhoird Rialaithe agus Bainistíochta na hInstitiúide.

## 2. Aidhm an Chórais um Rialú Inmheánach (Cód UAO – Aguisín I, Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Alt 2)

Bhí an córas um rialú inmheánach ceaptha um priacal a bhainistiú ar leibhéal inghlactha seachas é a dhíbirt ar fad. Mar sin, níorbh fhéidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú deimhneach a thabhairt go raibh sócmhainní faoi chosaint, go raibh idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go raibh earráidí nó mírialtachtaí ábhartha faoi chosc nó aimsithe go tráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, a réitigh le treoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, in áit in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn suas chuig an dáta díscaoilte.

## 3. Athbhreithniú Bliantúil ar Éifeacht an Rialaithe Inmheánaigh (Cód UAO - Aguisín I, Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Alt 3, Fo-Alt i)

Ar 31 Márta 2022, rinne Bord Rialaithe na hInstitiúide athbhreithniú bliantúil ar an gCóras um Rialú Inmheánach le haghaidh na tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2020 go 29 Márta 2022. Le linn mhí an Mheithimh 2022, rinneadh athbhreithniú iar-iniúchta ar an gCreat um Rialú Inmheánach don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022 le gach úinéir agus úsáideoir rialaithe chun a chinntiú gur taifeadadh agus gur tuairiscíodh chuig Coiste Iniúchta agus Priacail na hOllscoile aon dul chun cinn a bhí déanta maidir le laigí rialaithe a cheartú agus feabhsaithe rialaithe a dhéanamh.

Ag cruinniú ar 4 Iúil 2022, rinne Bord Rialaithe na hOllscoile, faoi Alt 52 den Acht um OT 2018, athbhreithniú breise don tréimhse ó 29 Márta 2022 go 31 Márta 2022.

## 4. Nochtadh ar Sháraithe sa Rialú Inmheánach, Laige sa Rialú Inmheánach agus Caillteanais nó Calaoisí Ábhartha (Cód UAO - Aguisín I, Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Alt 3 (ii), Aguisín I, Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Alt 3 (iii), Aguisín I, Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Alt 5 agus Cód UAO – Aguisín I, Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Alt 6)

- Níor léiríodh aon sáraithe nó laigí sa rialú inmheánach dar gá a nochtadh i Ráiteas na hInstitiúide ar an gCóras um Rialú Inmheánach.
- Ní raibh aon chaillteanais ná calaoisí ábhartha le linn na tréimhse.

## 5. Athbhreithniú ar an Ráiteas um Rialú Inmheánach (Cód UAO - Aguisín I, Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Alt 3, Fo-Alt iv agus Fo-Alt v)

Dearbhaímid gur rinne Coiste Iniúchta agus Priacail agus Bord Rialaithe na hInstitiúide athbhreithniú ar an Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach um a chinntiú gur léirigh sé go cruinn an córas rialaithe a bhí dá n-oibriú le linn na tréimhse atá faoi thuairisciú.

## 6. Timpeallacht Chuí Rialaithe (Cód UAO - Aguisín I, Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Alt 3, Fo-Alt vi)

Bhí bearta glactha ag an mBord Rialaithe um a chinntiú go raibh timpeallacht chuí rialaithe in áit, mar seo a leanas:

- Freagrachtaí bainistíochta a léiriú go soiléir.
- Nósanna imeachta agus rialacháin a thabhairt chun cinn, a ndéantar athbhreithniú rialta orthu agus atá doiciméadaithe, curtha i bhfeidhm agus suas chun dáta.
- Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú trí fheidhmeanna coistí éagsúla, um monatóireacht ar imeachtaí an eagrais agus a shócmhainní a chosaint.
- Cultúr láidir freagrachta a chothú ar fud an eagrais ar fad.
- Nósanna imeachta a bhunú um thuairisciú ar theipeanna suntasacha rialaithe agus um a chinntiú go ndéantar iad a cheartú.
- Glacadh agus comhlíonadh leis an gCód Cleachtais um Rialú Eagras Stáit mar atá cuimsithe i gCód an UAO um Rialú Institiúidí Teicneolaíochta.
- A chinntiú go gcuimsíonn an timpeallacht rialaithe Coiste Iniúchta agus Priacail atá gníomhach, feidhm iniúchta inmheánaigh agus tuairisciú rialta chuig an mBord Rialaithe maidir le torthaí airgeadais.

## 7. Priacail Ghnó (Cód UAO - Aguisín I, Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Alt 3, Fo-Alt vii)

Bhí próisis tugtha chun cinn ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn chun priacail ghnó a léiriú agus a mheasúnú, ar a n-áirítear na bealaí seo a leanas:

- Glacadh le Polasaí um Bainistiú Priacail.
- Léiriú ar phriacail lárnacha, úinéirí priacail agus bealaí rialaithe um na priacail seo a mhaolú.
- Creat um Rialú Inmheánach a fheidhmiú.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil, faoi athbhreithniú agus aontaithe ag an mBord Rialaithe.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Rialaithe agus a choistí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Spriocanna a leagadh síos um fheidhmiú airgeadais agus eile a thomhas.
- Treoirlínte um rialú ar infheistíocht chaipitiúil atá leagtha síos go soiléir.

## 8. Córais Faisnéise (Cód UAO - Aguisín I, Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Alt 3, Fo-Alt viii)

Tá Córais Fhaisnéise Bainistíochta curtha i bhfeidhm ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn mar bhealach chun fíorthorthaí a chur i gcomparáid le spriocanna agus réamhaisnéisí. Ar na córais seo bhí:

- Bainistiú Airgeadais – Agresso
- Bainistiú Daonacmhainní agus Párolla – CoreHR
- Taisteal agus Costais – CoreHR
- Riarachán Mac Léinn – Banner
- Córas um Bainistiú Leabharlainne – Koha
- Réiteach Amchlár – Syllabus Plus

## 9. Impleachtaí Airgeadais ó Phríomhphriacail Gnó (Cód UAO - Aguisín I, Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Alt 3, Fo-Alt ix)

Bhain Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn feidhm as réimse gníomhaíochtaí um dhóchúlacht calaoise a mhaolú. Chuimsigh an creat polasaí um rialú inmheánach ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn polasaithe agus nósanna imeachta scríofa, a éilíonn gur gá údarú chuí ar idirbhearta agus idirdhealú dóthanach dualgas.

## 10. Comhlíonadh le Rialacha agus Treoirlínte um Sholáthar (Cód UAO - Aguisín I, Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Alt 7)

Bhí Plean um Sholáthar Corparáideach bliantúil i bhfeidhm ag an Institiúid, a bhí faofa ag an mBord Rialaithe ar bhonn bliantúil agus bhí nósanna imeachta in áit um chinntiú comhlíontachta le Treoirlínte um Sholáthar Poiblí agus le treoir bhainteach ón Oifig um Sholáthar Rialtais (OSR), ón tSeirbhís um Sholáthar Oideachais (SSO) agus ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Bhí an Institiúid ag tabhairt aghaidh ar neamhchomhlíontacht sa chás gur sháraigh an caiteachas iomlán sa bhliain airgeadais le soláthraí aonair €25,000 nó €50,000 (oibreacha agus sibhialta). Bhí soláthar neamhchomhlíontach dar luach €61,018 sa thréimhse i gceist, a bhain le fearas teagaisc speisialaithe TF agus freisin ar thomhaltáin luacha ísil TF a chuaigh go carnach os cionn €25,000.

**11. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais um Rialú Inmheánach (Cód UAO - Aguisín I, Ráiteas ar an gCóras um Rialú Inmheánach Alt 3, Fo-Alt x)**

Bhí nósanna imeachta ag an Institiúid chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na nósanna imeachta um bainistiú agus rialú priacail. Tá saothar na bhFeidhmeannach agus na Bainistíochta san Institiúid mar bhonn eolais leis an monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach; is acusan a bhí freagracht an creat um rialú inmheánach a fhorbairt agus a chothú, an Coiste Iniúchta agus Priacail, na hIniúchóirí Inmheánacha agus tuairimí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta. Tá an fheidhm iniúchta inmheánaigh ag Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn seachfhoinsithe; tá sé seo de réir na dTéarmaí Tagartha um Iniúchadh Inmheánach (faofa ag an mBord Rialaithe i mí Feabhra 2021) agus Cód UAO um Rialú Institiúidí Teicneolaíochta.

I mí Mheán Fómhair 2021, rinne an Coiste Iniúchta agus Priacail athbhreithniú ar thionchar na paindéime ar an dtimpeallacht rialaithe agus ar oibriú nósanna imeachta rialaithe na hInstitiúide, le béim ar leith ar shlándáil TF, agus cinneadh go raibh tionchar íosta.

**Sínithe thar ceann Bhord Rialaithe Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

| | |
|---|---|
| ***Maura McNally S.C*** | ***21 Lúnasa 2023*** |
| ______________________ | __________ |
| **Maura McNally** | **Dáta** |
| **Cathaoirleach; Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh** | |
| ***Dr Orla Flynn*** | ***24 Iúil 2023*** |
| ______________________ | __________ |
| **Dr Orla Flynn** | **Dáta** |
| **Uachtarán; Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh** | |

Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn | Letterkenny Institute of Technology

**Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Comptroller and Auditor General

# Tuarascáil um a chur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

# Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

## Tuairim faoi na Ráitis Airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn (atá anois díscaoilte) don tréimhse 19 mí dar críoch 31 Márta 2022 mar a éilítear faoi fhorálacha an Achta um Ollscoileanna Teicneolaíochta 2018. D'ullmhaigh Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh na ráitis airgeadais, a chuimsíonn:

- an ráiteas um ioncam cuimsitheach
- an ráiteas um athruithe ar chúlchistí agus cuntas caipitil
- an ráiteas ar staid an airgeadais
- an ráiteas um shreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, ar a n-áirítear achoimre ar pholasaithe suntasacha cuntasaíochta.

Is é mo thuairim, go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart agus cothrom maidir le sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na hInstitiúide amhail 31 Márta 2022 agus maidir leis an ioncam agus caiteachas don tréimhse dar críoch ar an dáta sin de réir Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

## *Bonn leis an tuairim*

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchadh (ISA) mar atá fógartha ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Ard-Institiúidí Iniúchta. Tugtar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin in aguisín leis an dtuarascáil seo. Táimse neamhspleách ar an Institiúid agus ar Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá faighte agam leordhóthaineach agus cuí mar bhonn le mo thuairim.

## Tuairisc ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar chúrsaí eile

Tá faisnéis áirithe eile curtha ar fáil ag Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh chomh maith leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear anseo an ráiteas bliantúil um rialú corporáideach agus an ráiteas ar an gcóras um rialú inmheánach.

Ins an aguisín leis an dtuarascáil seo, tá cur síos ar na freagrachtaí agamsa um thuairisciú maidir le faisnéis dá leithéid, agus maidir le cúrsaí áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú faoi eisceachtaí.

Níl tada le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin.

*Seamus McCarthy*
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

*11 Meán Fómhair 2023*

## Aguisín leis an dTuarascáil

### Freagrachtaí ar an Institiúid agus ar Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh

Díscaoileadh Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn ar 31 Márta 2022 agus aistríodh socmhainní, dliteanais agus foireann na hInstitiúide chuig Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh.

Sa ráiteas um rialú corporáideach leagtar amach na freagrachtaí faoi seach ar an Institiúid agus ar Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh maidir le:

- na ráitis airgeadais a ullmhú sa chaoi atá forordaithe faoi réir ag na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 to 2006
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht idirbhearta a chinntiú
- measúnú a dhéanamh an bhfuil sé cuí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid, agus
- pé rialú inmheánach agus a chinneann siad a bheith riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh sé sin de dheasca calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éilítear orm faoi réir ag na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 to 2006 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais na hInstitiúide agus tuairisciú orthusan chuig Tithe an Oireachtais.

Is é an cuspóir atá agam agus mé i mbun an iniúchta ná dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ardleibhéal dearbhaithe é dearbhú réasúnta, ach ní hionann san agus ráthaíocht go n-aimseofar i gcónaí míráiteas ábhartha más ann dó nuair a dhéantar iniúchadh de réir ISA. Féadfaidh míráitis a éirí ó chalaois nó ó earráid agus meastar ábhartha iad sa chás, iontu féin nó ar an iomlán, gur dóichí go réasúnta go n-imreoidís tionchar ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Le linn iniúchta de réir ISA, bainim feidhm as breithiúnas gairmiúil agus bím ag cleachtadh sceipteachas gairmiúil ar fud an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh,

- Aithním agus measúnaím priacail maidir le míráiteas ábhartha ins na ráitis airgeadais mar gheall ar chalaois nó earráid; ceapaim agus cuirim i bhfeidhm cleachtais iniúchta chun na priacail sin a fhreagairt; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthaineach agus cuí mar bhonn le mo thuairim. Is mó an priacal nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois seachas ceann mar gheall ar earráid, óir is féidir go gcuimseoidh calaois claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aonghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach bainteach leis an iniúchadh chun cleachtais iniúchta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí, ach nach feidhm dóibh tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na gcleachtas cuntasaíochta atá in úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe bainteacha.
- Déanaim measúnú an bhfuil sé cuí bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fhaightear, an bhfuil éiginnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó cúinsí a fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na hInstitiúide leanacht ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Sa chás go measaim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt san tuarascáil uaim ar na nochtuithe bainteacha ins na ráitis airgeadais nó, más easnamhach iad na nochtuithe sin, athrú a dhéanamh ar mo thuairim. Tá mo thuairim bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chuig dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh, ámh, go mbeadh imeachtaí nó cúinsí amach anseo mar chúis nach leanfadh an Institiúid mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais ar an iomlán, na nochtuithe san áireamh, agus cibé a léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar bhealach a thugann taispeánadh cothrom.

Déanaim teagmháil leo siúd atá freagrach as rialachas maidir le scóip agus tráthúlacht phleanáilte an iniúchta, imeasc nithe eile, ar a n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith a thagann chun solais le linn an iniúchta agam.

I report by exception if, in my opinion,

- I have not received all the information and explanations I required for my audit, or
- the accounting records were not sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited, or
- the financial statements are not in agreement with the accounting records.

### Faisnéis seachas na Ráitis Airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair i dteannta leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chonclúid dearbhaithe orthu san.

Maidir leis an iniúchadh agam ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi ISA an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh; agus é sin á dhéanamh, éilítear orm a bhreathnú an bhfuil an fhaisnéis eile ar neamhréir ábhartha leis na ráitis airgeadais nó le faisnéis a fuarthas le linn an iniúchta, nó an bhfuil míráiteas ábhartha ann ar bhealach ar bith eile. Sa chás go measaim, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ag baint leis an bhfaisnéis eile seo, éilítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déanaim an iniúchadh i bhfianaise na gnéithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stát maidir lena mbainistiú agus a n-oibriú. Tuairiscím sa chás go n-aithním cúrsaí ábhartha a bhaineann leis an mbealach inar stiúradh gnó poiblí.

Féachaim um fhianaise a fháil maidir le rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má aithním cás ar bith nár cuireadh airgead an phobail chun na críche a ceapadh dó nó sa chás nach raibh idirbhearta ag comhlíonadh na n-údarás a bhí dá rialú.

# RÁITIS BHLIANTÚLA AIRGEADAIS

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Ráitis Airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach**

**Tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

| | Nóta | 19 mí 31/03/22 €000's | 12 mhí 31/08/20 €000's |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Stáit | 3 | 34,701 | 18,183 |
| Táillí Teagaisc & Ranníocaíochtaí Mac Léinn | 4 | 25,645 | 13,559 |
| Deontais & Conarthaí Taighde | 5 | 4,721 | 2,208 |
| Maoiniú um Thacú Mac Léinn | 7 | 1,121 | 482 |
| Ioncam Eile | 8 | 4,181 | 2,124 |
| Gníomhaíochtaí Eile a Ghineann Ioncam | 10 | 489 | 506 |
| Amúchadh Deontas Caipitil Stáit Iarchurtha | 18 | 4,194 | 2,345 |
| Maoiniú Pinsin Iarchurtha | 25 | 16,110 | 9,276 |
| **Ioncam Iomlán** | | **91,162** | **48,683** |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | 9 | 46,716 | 27,272 |
| Costas Sochair Scoir | 25 | 16,110 | 9,276 |
| Costais Eile Oibríochta | 11 | 14,138 | 6,940 |
| Dímheas | 13 | 4,220 | 2,351 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **81,184** | **45,839** |
| **Barrachas Oibríochta** | | **9,978** | **2,844** |
| (Caillteanais)/Gnóthachain ar oibleagáidí um shochar scoir | 25 | 2,747 | (369) |
| Laghdú ar dhliteanais phinsin ag éirí ó scoir sa bhliain | 25 | 6,353 | 6,533 |
| Athruithe ar Bhonn Tuisceana a bhunaíonn Luach Láithreach Oibleagáidí um Shochair Scoir | 25 | 1,377 | 6,850 |
| **Gnóthachain Actúireacha Iomlána sa bhliain** | | **10,477** | **13,014** |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Iarchurtha Sochair Scoir | 25 | (10,477) | (13,014) |
| Aistriú chuig Cúlchiste Forbartha Caipitil | 19 | (12,270) | (2,844) |
| **Ioncam Cuimsitheach Iomlán** | | **(2,292)** | **-** |

Cuimsíonn an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach na gnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána don bhliain.

Is cuid de na ráitis airgeadais iad Nótaí 1 – 27.

**Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe:**

***Maura McNally S.C.*** ***21 Lúnasa 2023***

___________________________ _____________

**Cathaoirleach, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Maura McNally** **Dáta**

***Dr Orla Flynn*** ***24 Iúil 2023***

____________________ ____________

**Uachtarán, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Dr Orla Flynn** **Dáta**

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Ráiteas um Athruithe ar Chúlchistí agus Cuntas Caipitil**

**Tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

| | Deontais Caipitil Stáit Iarchurtha | Cúlchiste Forbartha Caipitil | Cúlchistí Ioncaim | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000's | €000's | €000's | €000's |
| **Iarmhéid amhail 31 Lúnasa 2019** | **68,148** | **4,949** | **2,292** | **75,389** |
| Barrachas Oibríochta | - | - | 2,844 | **2,844** |
| Amúchadh Deontas Caipitil Stáit Iarchurtha | (2,345) | - | - | **(2,345)** |
| Deontas Stáit Leithdháilte um Chaipitil | 1,466 | - | - | **1,466** |
| Deontas Caipitil Stáit | 593 | - | - | **593** |
| Maoiniú um Thaca Mac Léinn Leithdháilte um Chaipitil | 44 | - | - | **44** |
| Leithdháilte ó Dheontais & Conarthaí Taighde | 223 | - | - | **223** |
| Deontais Chaipitil Eile | - | - | - | **-** |
| Leithdháilte ó Chúlchiste Forbartha Caipitil | 28 | (28) | - | - |
| Diúscairtí | (7) | - | - | **(7)** |
| Aistriú chuig Cúlchiste Forbartha Caipitil | - | 2,844 | (2,844) | - |
| **Iarmhéid amhail 31 Lúnasa 2020** | **68,150** | **7,765** | **2,292** | **78,207** |
| Barrachas Oibríochta | - | - | 9,978 | **9,978** |
| Amúchadh Deontas Caipitil Stáit Iarchurtha | (4,194) | - | - | **(4,194)** |
| Deontas Stáit Leithdháilte um Chaipitil | 1,963 | - | - | **1,963** |
| Deontas Caipitil Stáit | 1,422 | - | - | **1,422** |
| Maoiniú um Thaca Mac Léinn Leithdháilte um Chaipitil | 54 | - | - | **54** |
| Leithdháilte ó Dheontais & Conarthaí Taighde | 441 | - | - | **441** |
| Deontais Chaipitil Eile | 48 | - | - | **48** |
| Leithdháilte ó Chúlchiste Forbartha Caipitil | 439 | (439) | - | - |
| Diúscairtí | (10) | - | - | **(10)** |
| Aistriú chuig Cúlchiste Forbartha Caipitil | - | 12,270 | (12,270) | - |
| **Iarmhéid amhail 31 Márta 2022** | **68,313** | **19,596** | **-** | **87,909** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad Nótaí 1 – 27.

**Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe:**

***Maura McNally S.C.*** ***21 Lúnasa 2023***

**Cathaoirleach, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Maura McNally** **Dáta**

***Dr Orla Flynn*** ***24 Iúil 2023***

**Uachtarán, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Dr Orla Flynn** **Dáta**

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Ráiteas ar Staid an Airgeadais**

**Amhail 31 Márta 2022**

| | Nóta | 31/03/22<br>€000's | 31/08/20<br>€000's |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Neamh-Reatha** | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 13 | 68,168 | 68,195 |
| | | **68,168** | **68,195** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Infháltais | 14 | 3,687 | 1,527 |
| Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid | 15 | 32,848 | 15,270 |
| | | **36,535** | **16,797** |
| **Lúide Iníocthaí; Suimeanna dlite laistigh de 1 bhliain** | 16 | **(16,794)** | **(6,785)** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **19,741** | **10,012** |
| **Sochair Scoir** | | | |
| Oibleagáidí um Shochair Scoir | 25 | (200,018) | (192,055) |
| Maoiniú um Shochair Scoir Iarchurtha - Sócmhainn | 25 | 200,018 | 192,055 |
| **Sócmhainní Iomlána lúide Dliteanais Reatha** | | **87,909** | **78,207** |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | **87,909** | **78,207** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| Deontais Chaipitil Stáit Iarchurtha | 18 | 68,313 | 68,150 |
| Cúlchiste Forbartha Caipitil | 19 | 19,596 | 7,765 |
| Cúlchiste Ioncaim & Caiteachais | | - | 2,292 |
| **Iomlán** | | **87,909** | **78,207** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad Nótaí 1 – 27.

**Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe:**

***Maura McNally S.C.*** ***21 Lúnasa 2023***

______________________________ ______________

**Cathaoirleach, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Maura McNally** **Dáta**

***Dr Orla Flynn*** ***24 Iúil 2023***

_________________________ ______________

**Uachtarán, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Dr Orla Flynn** **Dáta**

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Ráiteas um Shreabhadh Airgid**

**Amhail 31 Márta 2022**

| | 19 mí 31/03/22 €000's | 12 mhí 31/08/20 €000's |
|---|---|---|
| **Glanshreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta** | | |
| Barrachas caiteachais thar ioncam | 9,978 | 2,844 |
| Dímheas ar shócmhainní seasta | 4,220 | 2,351 |
| Amúchadh Deontas Caipitil Stáit Iarchurtha | (4,194) | (2,345) |
| (Méadú) / Laghdú infháltais | (2,160) | 377 |
| Méadú iníocthaí | 10,009 | 499 |
| **Glanshreabhadh Airgid Isteach ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta** | **17,853** | **3,726** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | |
| Íocaíochtaí as Éadáil Sócmhainní Seasta | (4,199) | (2,394) |
| **Glanshreabhadh Airgid Amach um Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | **(4,199)** | **(2,394)** |
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | | |
| Deontais Stáit Athfhillteacha caite ar Shócmhainní Seasta | 1,963 | 1,466 |
| Maoiniú eile caite ar Shócmhainní Seasta | 1,961 | 863 |
| **Glanshreabhadh Airgid Isteach ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe** | **3,924** | **2,329** |
| **Glanmhéadú Airgid Tirim agus Coibhéise Airgid sa thréimhse** | **17,578** | **3,661** |
| Airgead Tirim & Coibhéis Airgid amhail 1 Meán Fómhair | 15,270 | 11,609 |
| **Airgid Tirim agus Coibhéis Airgid amhail deireadh na tréimhse** | **32,848** | **15,270** |

Is cuid de na ráitis airgeadais iad Nótaí 1 – 27.

**Sínithe thar ceann an Bhoird Rialaithe:**

***Maura McNally S.C.*** ***21 Lúnasa 2023***

**Cathaoirleach, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Maura McNally** **Dáta**

***Dr Orla Flynn*** ***24 Iúil 2023***

**Uachtarán, Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh, Dr Orla Flynn** **Dáta**

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

## 1. Polasaithe suntasacha cuntasaíochta

Tá coimriú thíos ar na polasaithe cuntasaíochta a mheastar ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais. Feidhmíodh iad san ar fad go comhsheasmhach i gcaitheamh na tréimhse agus don bhliain roimhe sin.

### a. Faisnéis ghinearálta agus ráiteas comhlíontachta

Is é príomhchuspóir na hInstitiúide ná oideachas tríúleibhéal a sholáthar.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus de réir an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchadh 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, agus fógartha um a úsáid in Éirinn ag *Chartered Accountants Ireland* agus mar a éilíonn an tÚdarás um Ard-Oideachas.

Meastar an Euro mar airgeadra feidhmiúil na ráiteas airgeadais FRS 102 le haghaidh Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn oir is é sin an t-airgeadra sa phríomhthimpeallacht eacnamaíoch ina n-oibríonn an Institiúid.

### b. Gnóthas leantach

Um meán oíche ar 31 Márta 2022, díscaoileadh Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn faoin Acht um Ollscoileanna Teicneolaíochta 2018 (Acht OT). Bunaíodh Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (an Ollscoil) ar 1 Aibreán le hOrdú Aire faoi Alt 36 den Acht um Ollscoileanna Teicneolaíochta 2018 agus Ionstraim Reachtúil (56 de 2022).

Faoin Acht OT, aistríodh go huathoibríoch chuig an Ollscoil ar 1 Aibreán 2022 gach talamh, maoin eile, cearta i nó deonaithe thar talamh nó maoin eile, obair idir lámha agus cearta agus dliteanais chonartha agus réamhbheitheacha eile de chuid Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn; mar sin féadfar aon tagairt d'Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn in aon chomhaontú nó ionstraim ar bith eile a léamh mar an Ollscoil amhail an dáta sin. Ós rud é gur aistríodh chuig an Ollscoil feidhmeanna, oibríochtaí, sócmhainní agus dliteanais uile Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, ullmhaíodh na ráitis airgeadais seo ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

**Polasaithe suntasacha cuntasaíochta (ar leanúint)**

**c. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

*(i) Talamh agus foirgnimh*

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar chostas nó ar luacháil, glan ó dhímheas agus soláthar ar bith um laige. Déantar soláthar um dhímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe uile, seachas talamh ruílse, de réir rátaí atá ceaptha chun costas nó luacháil gach sócmhainne, lúide an luach measta iarmharach, a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saol úsáideach tuartha, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh ruílse | 50 bliain |
| Talamh & Foirgnimh ar Léas | Thar téarma an léasa |

Is ionann an luach iarmharach agus an suim mheasta a bheadh le fáil faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, lúide costais mheasta diúscartha, sa chás go raibh an tsócmhainn cheana féin ar an aois agus sa riocht a bheadh súil leis ag deireadh a saoil úsáidí.

*(ii) Trealamh*

Ó 1 Meán Fómhair 2009, díscríobhtar trealamh a chosnaíonn níos lú ná €3,000 an aonaid chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina gceannaítear é. Sa chás go bhfuil na haonaid aonair faoi bhun na teorann caipitlithe (€3,000) agus go bhfuil an sonrasc iomlán ceannaigh os cionn na teorann, déantar na haonaid seo a chaipitliú ar an ngnáthbhealach. Déantar gach trealamh eile a chaipitliú ar chostas. Dímheastar trealamh caipitlithe thar a shaol úsáideach eacnamaíoch mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Daingneáin agus Feistis (foirgnimh réamhdhéanta san áireamh) | 10 mbliana |
| Trealamh ríomhaire | 3 bliana |
| Gléasra & Innealra | 10 mbliana |
| Trealamh | 5 bliana |
| Mótarfheithiclí | 5 bliana |

Sa chás go maoinítear trealamh ó Dheontais agus Conarthaí Taighde, dímheastar é thar saol na sócmhainní de réir an pholasaí maidir le Sócmhainní Seasta eile.

**d. Stoic**

Cuirtear caiteachas ar leabhair agus stoic inúsáidte de mhuirear ar an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach de réir mar a chaitear é.

**Polasaithe suntasacha cuntasaíochta (ar leanúint)**

**e. Cánachas**

Mar charthanas díolmhaithe, níl an Institiúid faoi dhliteanas um cháin chorparáide ná cáin ioncaim ar a cuid gníomhaíochtaí carthanais. Tá an Institiúid cláraithe um cháin bhreisluacha, ach os gníomhaíocht dhíolmhaithe soláthar oideachais ní féidir cáin ionchuir a aiséileamh ar mhóramh na gceannaíocha. Tá gníomhaíochtaí áirithe taighde agus tráchtála san Institiúid faoi réir ag CBL; íocann an Institiúid aon cháin ionchuir nó aschuir maidir leis na gníomhaíochtaí seo chuig na Coimisinéirí Ioncaim.

**f. Aitheantas Ioncaim**

*Deontais Stáit*

Aithnítear deontais Stáit Athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile Stáit sa tréimhse ina bhfuil siad infhaighte. Aithnítear deontais Stáit Neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile Stáit, maidir le ceannach nó tógáil Sócmhainní Seasta, mar Dheontais Chaipitil Stáit Iarchurtha agus amúchtar iad de réir an dímheasa thar saol na sócmhainní.

*Ioncam ó Tháillí*

Tugtar ioncam ó tháillí i gcuntas ar bhonn fabhraithe.

*Deontais agus conarthaí Taighde*

Cuirtear ioncam ó dheontais agus conarthaí taighde i gcomheas le caiteachas agus cuimsítear é in ioncam na bliana ina ndéantar an caiteachas bainteach. Is iad seo na cineálacha idirbhearta is coitianta dá leithéid:

*(i) Tabhartais gan srianadh ar bith*

Cuimsítear faoi thabhartais gan srianadh ar bith suimeanna a deonadh don Institiúid, trí airgead tirim nó sócmhainn, gan srianadh ar bith maidir lena n-úsáid. Taifeadtar tabhartais dá leithéid sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach ar mhealladh an ioncaim.

*(ii) Tabhartais faoi shrianta*

Taifeadtar tabhartais faoi shrianta sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach ar mhealladh an ioncaim. Coimeádtar an t-ioncam faoi shrianta a fuarthas i gcúlchiste srianta go dtéitear faoin gcaiteachas de réir na srianta.

*(iii) Deontais taighde ó fhoinsí neamhrialtais*

Aithnítear ioncam deontais ó fhoinsí neamhrialtais sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach tráth go gcomhlíontar na coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Sa chás go bhfuil srianadh um úsáid ach nach bhfuil aon srianadh a bhaineann le feidhmíocht, taifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach tráth meallta an ioncaim.

Coimeádtar deontais faoi choinníollacha a bhaineann le feidhmíocht nach bhfuil comhlíonta mar ioncam iarchurtha go gcomhlíontar na coinníollacha, agus ansin taifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach. Taifeadtar deontais faoi shrianta sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach ar mhealladh an ioncaim agus dá éis sin coimeádtar iad i gcúlchiste srianta go dtéitear faoin gcaiteachas de réir na srianta.

**Polasaithe suntasacha cuntasaíochta (ar leanúint)**

*Ioncam eile ó fhoinsí neamh-Stáit a úsáideadh chun críche caipitil*

Aithnítear ioncam ó fhoinsí neamhstáit a úsáideadh chun críche caipitil san Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach tráth go gcomhlíontar na coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Sa chás go bhfuil srianadh um úsáid ach nach bhfuil aon srianadh a bhaineann le feidhmíocht, taifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach tráth mheallta an ioncaim.

Coimeádtar ioncam ó fhoinsí neamhrialtais a úsáideadh chun críche caipitil faoi choinníollacha a bhaineann le feidhmíocht nach bhfuil comhlíonta mar ioncam iarchurtha go gcomhlíontar na coinníollacha, agus ansin taifeadtar an t-ioncam sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach.

Taifeadtar ioncam ó fhoinsí neamhrialtais a úsáideadh chun críche caipitil faoi shrianta sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach ar mhealladh an ioncaim agus dá éis sin coimeádtar iad i gcúlchiste srianta go dtéitear faoin gcaiteachas de réir na srianta.

*Mionoibreacha Caipitil*

Thug an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta scéim isteach chun freagracht as Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha eile Caipitil a chinneadh ar an Institiúid.

I ngach cás aithnítear maoiniú um Mionoibreacha Caipitil sa tréimhse ina bhfaightear é.

*Ioncam ó thaiscí gearrthéarma*

Tugtar ioncam ó thaiscí gearrthéarma chun sochair sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach sa tréimhse ina thuilltear é.

**g. Sochair fostaithe**

*Sochair Scoir*

I gcás foirne a earcaíodh roimh 1 Eanáir 2013, bronntar teidlíochtaí pinsin faoi scéim pinsin le sochair sainithe a bunaíodh faoi Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais 2015. Oibrítear an scéim ar bhonn 'íoc-mar-a-úsáidtear' agus coimeádann an Institiúid asbhaintí aoisliúntais mar chuid chomhaontaithe dá maoiniú.

Ina theannta sin, oibríonn an Institiúid Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"); is é seo an scéim le sochair sainithe le haghaidh seirbhísigh poiblí inphinsin a ceapadh ar nó i ndiaidh 1 Eanáir 2013 de réir an Achta um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Íocann an Institiúid ranníocaíochtaí ó bhaill den Scéim Aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA).

Léiríonn na costais phinsin a chuirtear de mhuirear ar chaiteachas sa bhliain na sochair a thuilleann fostaithe reatha le linn na bliana; taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne (i) maidir le Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais 2015, a choimeádann an Institiúid agus (ii) maidir leis an Scéim Aonair, a íoctar chuig RCPA. Aithnítear mar ioncam suim is ionann agus an costas pinsin chomh fada agus atá sé in-aisghabhála.

**Polasaithe suntasacha cuntasaíochta (ar leanúint)**

Léiríonn na dliteanais phinsin an luach láithreacht atá ar iníochtaí pinsin feasta tá tuilleadh go dtí seo. Léiríonn an sócmhainn mhaoinithe sochair scoir iníochtaí pinsin feasta atá iníoctha ag an Roinn Bhreisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais actúireacha sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach san sócmhainn mhaoinithe sochair scoir.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ar luach cóir, na sócmhainní agus dliteanais a éiríonn ó oibleagáidí pinsin na hInstitiúide maidir leis an bhfoireann reatha amháin agus maoiniú gaolmhar ar bith. Ní chuimsítear dliteanais phinsin maidir le hiarfhostaithe a bhfuil pinsin á fháil acu, toisc go bhfuil na híocaíochtaí pinsin dá gcur de mhuirear ar chuntas leithghabhála na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta. Léirítear an laghdú dliteanais a éiríonn ó bhaill a théann ar scor le linn na bliana mar ghnóthachan ó thaithí. Aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina bhfuil siad tuillte ag fostaithe. Tomhaistear dliteanais maidir le scéim sochair scoir ar bhonn actúireach agus feidhm á baint as modh na n-aonad réamh-mheasta.

*Sochair ghearrthéarma*

Aithnítear sochair ghearrthéarma mar phá saoire mar chostas sa bhliain, agus cuimsítear sochair atá fabhraithe um chríoch na bliana in iomlán na nIníocthaí sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais. Níl fabhrú um pá saoire maidir le foireann Acadúil um chríoch na bliana mar gheall ar chineál a gconarthaí.

**h. Airgeadra iasachta**

Taifeadtar idirbhearta in airgeadra iasachta de réir an ráta malairte ar dháta an idirbhirt. I gcás sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadra iasachta ar dháta an Ráitis ar Staid an Airgeadais, tuairiscítear iad de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar an dáta sin.

**i. Léasanna**

Cuirtear cíosanna faoi léasanna oibríochta de mhuirear ar an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach sa tréimhse ina dtabhaítear an caiteachas.

**j. Deontais Chaipitil Stáit Iarchurtha**

Is ionann deontais chaipitil Stáit iarchurtha agus luach neamh-amúchta na gcistí carntha cionroinnte um shócmhainní seasta.

**k. Cúlchiste Forbartha Caipitil**

Is ionann an cúlchiste forbartha caipitil agus cistí curtha i leataobh ag an Institiúid chun críche ar leith forbartha caipitil. Éiríonn cistí dá leithéid ó ranníocaíochtaí Mac Léinn, tabhartais chaipitil neamh-Stáit, táillí saoráidí

**Polasaithe suntasacha cuntasaíochta (ar leanúint)**

baincéireachta agus aistrithe ó Chúlchistí Ioncaim mar aon leis an ús tuillte ar na suimeanna sin. Coimeádfar maoiniú dá leithéid sa Chuntas Cúlchiste Forbartha Caipitil, ar an gcoinníoll go bhfuil na tionscadail sainithe um a bhfuil siad tiomanta de réir Phlean Forbartha Caipitil na hInstitiúide, faofa ag an mBord Rialaithe, de réir amlíne agus le meastachán costas.

**2. Breithiúnais chriticiúla cuntasaíochta agus príomhfhoinsí um éiginnteacht meastacháin**

I bhfeidhmiú polasaithe cuntasaíochta na hInstitiúide, a bhfuil cur síos orthu i nóta 1, éilítear ar an mBord Rialaithe breithiúnais, meastacháin agus foshuíomhanna a dhéanamh maidir le suimeanna iompair sócmhainní agus dliteanais nach bhfuil sofheicthe ó fhoinsí eile. Tá na meastacháin agus na foshuíomhanna a bhaineann leo bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar chúinsí eile a mheastar ábhartha. Féadfaidh na fíorthorthaí a bheith difriúil ó na meastacháin.

Athbhreithnítear na meastacháin agus na foshuíomhanna is bunús leo ar bhonn leanúnach. Aithnítear athchóirithe ar mheastacháin chuntasaíochta sa tréimhse ina ndéantar athchóiriú sa chás go mbaineann athchóiriú leis an dtréimhse sin amháin, nó sa tréimhse ina ndéantar athchóiriú agus ins na tréimhsí amach ansin sa chás go mbaineann athchóiriú leis an tréimhse reatha agus tréimhsí amach ansin.

**Breithiúnais chriticiúla i bhfeidhmiú polasaithe cuntasaíochta na hInstitiúide**

Is iad seo a leanas na breithiúnais chriticiúla, seachas iad sin lena mbaineann meastacháin (a phléitear leo ar leith thíos), atá déanta ag an mBord Rialaithe le linn próiseas feidhmithe polasaithe cuntasaíochta na hInstitiúide agus ag a bhfuil an tionchar is suntasaí ar na suimeanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais.

Tá sé cinnte ag an mBord Rialaithe go bhfuil bonn an ghnóthais leantaigh fós oiriúnach mar atá leagtha amach i nóta 1b a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

**Príomhfhoinsí um éiginnteacht meastacháin**:

*Fabhrú pá saoire* -Meastar an fabhrú pá saoire de réir na laethanta saoire nár glacadh leo ag críoch na bliana. Ní éilítear fabhrú ag críoch na bliana ar an bhfoireann acadúil mar gheall ar chineál a gconarthaí.

*Soláthar um Dhrochfhiacha* - Tá an soláthar um dhrochfhiacha bunaithe ar rátaí stairiúla bailiúcháin, go háirithe maidir le táillí teagaisc agus ranníocaíochtaí mac léinn infhaighte.

*Oibleagáid um Shochar Scoir* - Maidir leis na foshuíomhanna is bunús leis na luachálacha actúireacha um a gcinntear na suimeanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (ar a n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe cúitimh amach anseo, rátaí báis agus treochtrátaí um chúram sláinte), déantar uasdátú bliantúil bunaithe ar chúinsí reatha eacnamaíocha, agus ar aon athruithe bainteacha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Féadfaidh na cúinsí seo a leanas tionchar a imirt ar na foshuíomhanna:

(i) An ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí corparáideacha ardchaighdeáin.
(ii) Leibhéil chúitimh feasta, cúinsí an mhargaidh saothair feasta.

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

## 3. Deontais Stáit

| | Cionroinnte um Chaiteachas Aisfhillteach | Cionroinnte um Chaiteachas Caipitil | 19 mí 31/03/2022 Iomlán | 12 mhí 31/08/2020 Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000's | €000's | €000's | €000's |
| Deontas Stáit um Chaiteachas Athfhillteach - UAO | 24,555 | 1,963 | 26,518 | 15,531 |
| Deontas Stáit um Chaiteachas Athfhillteach - UAO (Altranas) | 1,434 | - | 1,434 | 843 |
| Deontas Stáit Eile - UAO | 7,119 | - | 7,119 | 2,685 |
| Deontas Stáit um Mionoibreacha Caipitil | 1,593 | - | 1,593 | 590 |
| **Iomlán 2022** | **34,701** | **1,963** | **36,664** | **19,649** |
| **Iomlán 2020** | **18,183** | **1,466** | | **19,649** |

Cuimsítear san Deontas Stáit Eile – UAO 2022 suim €1,892,368 (2020 €373,339) a bhaineann le maoiniú ar leith maidir le costais breise mar fhreagra ar Covid-19.

## 4. Táillí Teagaisc agus Ranníocaíochtaí Mac Léinn

| | Amhail 31/03/22 Micléinn OLA | 19 mí 31/03/22 Státmhaoinithe | 19 mí 31/03/22 Neamh Státmhaoinithe | 19 mí 31/03/22 Iomlán | Amhail 31/08/20 Micléinn OLA | 12 mhí 31/08/20 Státmhaoinithe | 12 mhí 31/08/20 Neamh Státmhaoinithe | 12 mhí 31/08/20 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000's | €000's | €000's | | €000's | €000's | €000's |
| Táillí Íoctha ag an Stát | 2,812 | 8,257 | - | 8,257 | 2,548 | 3,325 | - | 3,325 |
| Táillí Neamh-AE | 132 | - | 1,616 | 1,616 | 208 | - | 1,189 | 1,189 |
| Táillí Íoctha ag Mic Léinn nó ar a son | 315 | - | 102 | 102 | 510 | - | 260 | 260 |
| Foghlaim Fadsaoil agus táillí eile | 1,035 | - | 1,198 | 1,198 | 581 | - | 556 | 556 |
| Ranníocaíochtaí Mac Léinn | - | 9,302 | 5,170 | 14,472 | - | 5,266 | 2,963 | 8,229 |
| **Lion Mac Léinn / Glanioncam ó Tháillí** | **4,294** | **17,559** | **8,086** | **25,645** | **3,847** | **8,591** | **4,968** | **13,559** |

Íoc an tÚdarás um Ard-Oideachas táillí teagaisc €4,445,998 sa thréimhse (2020: €2,186,875) maidir le cúrsaí Céime lánaimseartha, agus €376,441 (2020: €292,125) maidir le cúrsaí Ard-Teastais agus Gnáthchéime agus €3,434,118 (2020: €846,296) maidir le Springboard/Scileanna TFC; tá na costais iomlána maoinithe i bpáirt ag Ciste Sóisialta na hEorpa. Tugtar líon na mac léinn mar choibhéisi lánaimseartha bunaithe ar chreidiúnaithe cláraithe.

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

## 5. Deontais agus Conarthaí Taighde

| | 19 mí 31/03/2022 Iomlán €000's | 12 mhí 31/08/2020 Iomlán €000's |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| Stáit & Fo-Stáit | 3,176 | 1,245 |
| Aontas Eorpach | 1,721 | 1,113 |
| Tionscal | 30 | 6 |
| Eile | 235 | 67 |
| Lúide: Ioncam ó Dheontais agus Conarthaí Taighde cionroinnte ar chaipitil | (441) | (223) |
| **Glanioncam** | **4,721** | **2,208** |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Phá | 2,164 | 1,127 |
| Costais Neamh-Phá | 2,557 | 1,081 |
| | **4,721** | **2,208** |
| **Glantoradh** | - | - |

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

## 6. Anailís ar Ioncam ón Stát

| **Ainm an Deontóra** | **Féichiúnaí Tosaigh 01/09/20 €000's** | **Deontas Faighte €000's** | **Féichiúnaí Deiridh 31/03/22 €000's** | **I&C 2022 31/03/22 €000's** |
|---|---|---|---|---|
| **Nóta 3 – Deontas Stáit** | | | | |
| UAO | 285 | 26,078 | 155 | 26,518 |
| UAO - Altranas | - | 1,434 | - | 1,434 |
| Deontas Stáit UAO - Eile | - | 7,119 | - | 7,119 |
| Cionroinnte um Chaiteachas Caipitil | - | (1,963) | - | (1,963) |
| Deontas Stáit – Mionoibreacha Caipitil Cionroinnte um Caiteachas Athfhillteach | - | 1,593 | - | 1,593 |
| **Iomlán – Ioncam Stáit** | 285 | 34,261 | 155 | **34,701** |
| **Nóta 4 - Táillí Teagaisc & Ranníocaíochtaí Mac Léinn** | | | | |
| UAO | - | 7,757 | 500 | 8,257 |
| Fáilte Ireland | - | - | - | - |
| SUSI | - | 9,302 | - | 9,302 |
| **Iomlán – Ioncam Stáit** | **-** | **17,059** | **500** | **17,559** |
| **Nóta 5 – Taighde & Conarthaí** | | | | |
| Enterprise Ireland | 257 | 1,132 | (337) | 1,052 |
| UAO | 273 | 2,051 | (912) | 1,412 |
| FSS | 28 | 18 | (33) | 13 |
| RBATNE | 26 | 613 | 22 | 661 |
| Bord Iascaigh Mhara | 6 | (6) | - | - |
| Roinn Talmhaiochta, Bia & na Mara | (21) | 1 | 58 | 38 |
| Eile | 12 | - | (12) | - |
| **Iomlán – Ioncam Stáit** | **581** | **3,809** | **(1,214)** | **3,176** |

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

## 7. Maoiniú um Thacú Mac Léinn

| | 19 mí 31/03/2022 Míchumais | 19 mí 31/03/2022 Cúnamh Mac Léinn | 19 mí 31/03/2022 Iomlán | 12 mhí 31/08/2020 Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000's | €000's | €000's | €000's |
| **Fáltais** | | | | |
| Údarás um Ard-Oideachas | 351 | 824 | 1,175 | 526 |
| Eile | - | - | - | - |
| Lúide: Fáltais chionroinnte um chaipitil | (54) | - | (54) | (44) |
| **Glanfháltais** | **297** | **824** | **1,121** | **482** |
| **Suimeanna Feidhmithe** | | | | |
| Costais Phá | 208 | - | 208 | 123 |
| Costais Neamh-Phá | 185 | 824 | 1,009 | 326 |
| **Caiteachas Iomlán** | **393** | **824** | **1,217** | **449** |
| **Glantoradh** | **(96)** | **-** | **(96)** | **33** |

Maoiniú á sholáthar ag an Údarás um Ard-Oideachas faoin bPlean Forbartha Náisiúnta agus maoinithe i bpáirt ag an gCiste Sóisialta Eorpach.

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

## 8. Ioncam Eile

| | 19 mí 31/03/22 Iomlán €000's | 12 mhí 31/08/20 Iomlán €000's |
|---|---|---|
| Asbhaintí Aoisliúntais coimeádta | 2,141 | 1,318 |
| Cíosanna um Shaoráidí | 15 | 54 |
| Forchostas Láir Thaighde | 553 | 194 |
| Éileamh Árachais | 407 | - |
| Ioncam Tionscadail | 26 | 1 |
| Ioncam Eile | 1,039 | 557 |
| **Glantoradh** | **4,181** | **2,124** |

## 9. Costas Foirne

Is é an meánlíon fostaithe (postshealbhóirí sinsearacha san áireamh) ag an Institiúid i gcaitheamh na tréimhse, léirithe mar choibhéis lánaimseartha, ná:

| | 31/03/2022 Líon fostaithe | 31/08/2020 Líon fostaithe |
|---|---|---|
| Teagasc agus Taighde | 238 | 223 |
| Teicniúil | 40 | 40 |
| Riarachán agus Seirbhísí Láir | 130 | 115 |
| | **408** | **378** |

| | 19 mí 31/03/2022 €'000 | 12 mhí 31/08/2020 €'000 |
|---|---|---|
| Tuarastail | 42,643 | 25,012 |
| ÁSPC Fostóra | 3,995 | 2,200 |
| Liúntais agus Breisama | 78 | 60 |
| Pá agus Tuarastail | **46,716** | **27,272** |

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

**Cúiteamh um Phríomh-Bhainisteoirí**

Ba é an luach saothair iomlán um príomh-bhainisteoirí don tréimhse 19 mí go Márta 2022 ná €1,509,106 (12 mhí go 31/08/2020: €921,936). Is iad príomh-bhainisteoirí na hInstitiúide ná an tUachtarán, comhaltaí an Bhoird Rialaithe agus an Bord Feidhmeach. Ba é luach saothair an Uachtaráin a íocadh sa tréimhse ná €255,272 (2020: €157,561). Tá an tUachtarán, an Bord Feidhmeach agus baill bhainteacha an Bhoird Rialaithe ina mbaill de Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais agus teidlíochtaí pinsin acu nach bhfuil ag sárú téarmaí scéime samhalta pinsin na seirbhíse poiblí.

| | Líon (CLA) | | Íocaiochtaí Táillí/Tuarastail | | Sochair Eile | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 2022 | 2020 | 2022 | 2020 | 2022 | 2020 |
| | | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Comhaltaí an Bhoird Rialaithe | N/A | N/A | 14 | 2 | - | - |
| Uachtarán | 1 | 1 | 255 | 158 | - | - |
| Bord Feidhmeach | 8 | 7 | 1,322 | 763 | - | - |
| | **9** | **8** | **1,591** | **923** | **-** | **-** |

Ba as páirt a ghlacadh ar Phainéil Agallaimh a íocadh táillí chuig comhaltaí an Bhoird Rialaithe.

**Foireann ar Ard-Íocaíocht**

Ghlac an Institiúid le luach tosaigh €60,000 chun foireann ar ard-íocaiocht a léiriú. Tá na leibhéil íocaiochta don tréimhse 19 mí go Márta 2022 bliantúlaithe um chomparáid níos soiléire a dhéanamh leis an bhliain roimhe sin. Tá an luach saothair foirne, de réir bandaí pá €10,000, agus €60,000 mar luach tosaigh, mar seo a leanas:

| **Luach Saothair Iomlán** | **Tréimhse dar críoch 31 Márta 2022** | **Bliain dar críoch 31 Lúnasa 2020** |
|---|---|---|
| **€** | | |
| 60,000 - 70,000 | 34 | 46 |
| 70,001 - 80,000 | 31 | 22 |
| 80,001 - 90,000 | 69 | 42 |
| 90,001 - 100,000 | 39 | 67 |
| 100,001 -110,000 | 13 | 20 |
| 110,001 - 120,000 | 8 | 9 |
| 120,001 - 130,000 | - | 3 |
| 130,001 - 140,000 | 1 | - |
| 140,001 - 150,000 | 1 | 1 |
| €150,001 + | 2 | 1 |
| **Iomlán** | **198** | **211** |

Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

## 10. Gníomhaíochtaí eile a ghineann ioncam

| | 19 mí 31/03/2022 €000's | 12 mhí 31/08/2020 €000's |
|---|---|---|
| **Ioncam** | | |
| CoLab | 508 | 255 |
| An Dánlann – Ionad Mac Léinn | 29 | 251 |
| Lúide – cionroinnte um chaipitil | (48) | - |
| Ioncam Iomlán | **489** | **506** |
| **Caiteachas** | | |
| Costais Phá | 514 | 324 |
| Costais Neamh-Phá | 311 | 162 |
| Dímheas | 8 | 5 |
| | **833** | **491** |
| **Glantoradh** | **(344)** | **15** |

## 11. Costais Eile Oibríochta

| | 19 mí 31/03/22 Costais Phá €000's | 19 mhí 31/03/22 Dímheas €000's | 19 mí 31/03/22 Costais Eile Oibríochta €000's | 19 mí 31/03/22 Iomlán €000's | 12 mhí 31/08/20 Iomlán €000's |
|---|---|---|---|---|---|
| Deontais & Conarthaí Taighde | 2,163 | 309 | 2,558 | 5,030 | 2,301 |
| Ranna Acadúla | 33,477 | 889 | 2,984 | 37,350 | 21,857 |
| Seirbhísí Acadúla | 879 | 69 | 284 | 1,232 | 766 |
| Saoráidí | 930 | 2,698 | 2,517 | 6,145 | 3,185 |
| Riarachán Láir | 7,364 | 181 | 2,352 | 9,897 | 5,380 |
| Oideachas Ginearálta | 752 | 31 | 1,621 | 2,404 | 1,235 |
| Gníomhaíochtaí Eile a Ghineann Ioncam | 514 | 16 | 311 | 841 | 492 |
| Maoiniú um Thacú Mac Léinn | 213 | 14 | 1,000 | 1,227 | 448 |
| Seirbhísí Mac Léinn | 424 | 13 | 511 | 948 | 899 |
| **Caiteachas Iomlán** | **46,716** | **4,220** | **14,138** | **65,074** | **36,563** |
| **Iomlán 2020** | **27,272** | **2,351** | **6,940** | | **36,563** |

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

**11 Costais Oibríochta (ar leanúint)**

| | 19 mí 31/03/22 €000's | 12 mhí 31/08/20 €000's |
|---|---|---|
| Ábhair agus Tomhaltáin Eile | 1,668 | 920 |
| Soilsiú, Téamh agus Cumhacht | 571 | 332 |
| Costais Deisithe agus Cothabhála | 1,887 | 586 |
| Ábhar clóite, leabhair agus tréimhseacháin | 319 | 188 |
| Taisteal agus Maireachtáil | 141 | 273 |
| Fáilteachas | 46 | 60 |
| Priontáil, Stáiseanóireacht, Postas agus costais eile Oifige | 214 | 160 |
| Cíos, Rátaí agus Árachas | 446 | 241 |
| Earcaíocht, oiliúint, etc. | 916 | 330 |
| Luach saothair Iniúchóirí as Seirbhísí Iniúchta | 148 | 33 |
| Costais chomhairleoireachta | 360 | 183 |
| Ceannach trealaimh (neamh-chaipitlithe) | 290 | 171 |
| Cothabháil Bogearraí agus Ceadúnais Ríomhairí | 840 | 444 |
| Slándáil agus Cothabháil Tailte | 174 | 134 |
| Seirbhís Leighis | 138 | 70 |
| Cumarsáid | 84 | 59 |
| Fógraíocht agus Margaíocht | 607 | 271 |
| Seirbhís Bainistíochta Institiúide | 96 | 71 |
| Diúscairt Dramhaíola | 30 | 15 |
| Sláinte agus Sábháilteacht | 101 | 29 |
| Maoiniú um Thacú Mac Léinn | 1,000 | 321 |
| Táillí Cláraithe Mac Léinn | 528 | 630 |
| Forbairt agus bailíocht chúrsaí | 111 | 24 |
| Drochfhiacha | 312 | 82 |
| Aistrithe Tionscadail | 1,348 | 578 |
| Íocaíochtaí Conraitheora | 152 | - |
| Costais Eile | 1,611 | 735 |
| **Iomlán – Costais Eile Oibríochta** | **14,138** | **6,940** |

Cuimsíonn caiteachais fáilteachais costais a bhaineann le cuairteoirí seachtracha, sólaistí le linn chruinnithe, etc.

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

**(b) Cuimsíonn Costais Eile Oibríochta**

| | 19 mí 31/03/22 €000's | 12 mhí 31/08/20 €000's |
|---|---|---|
| Luach Saothair Iniúchóirí: | | |
| Iniúchadh Seachtrach na hInstitiúide | 68 | 29 |
| Seirbhísí um Iniúchadh Inmheánach (á soláthar ag 3ú pháirtí) | 68 | - |
| Seirbhísí Eile Iniúchta | 12 | 4 |
| | **148** | **33** |
| Costais Chomhaileoireachta: | | |
| Dlíthiúil | 22 | 10 |
| Comhairle Cánach & Airgeadais | - | 6 |
| Caidrimh Phoiblí / Margaíocht | 22 | 8 |
| Pinsin & Daonacmhainní | 10 | 3 |
| Eile | 306 | 156 |
| | **360** | **183** |
| Taisteal: | | |
| Intíre: | 117 | 178 |
| Idirnáisiúnta: | 24 | 95 |
| | **141** | **273** |
| Fáilteachas | | |
| Ócáidí Foirne | - | - |
| Ócáidí Mac Léinn | - | - |
| Seachtrach Eile | 46 | 60 |
| | **46** | **60** |

**12. Cánachas**

Tá Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn díolmhaithe ó Cháin Chorparáide faoi ordú um stádas carthanach.

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

**13. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

| | Talamh & Foirgnimh | Sócmhainní faoi Thógáil | Daingneáin & feistis | Trealamh Ríomhaire | Gléasra & Innealra | Trealamh | Mótarfheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | | | | | |
| Amhail 1 Meán Fómhair 2020 | 95,944 | 40 | 629 | 13,058 | 111 | 10,353 | 40 | 120,175 |
| Athrangú | - | - | 106 | - | 2 | (93) | (15) | - |
| Breiseanna sa thréimhse | 1,565 | 17 | 209 | 1,492 | 17 | 899 | - | 4,199 |
| Diúscairtí sa thréimhse | - | - | - | (102) | - | (10) | - | (112) |
| **Amhail 31 Márta 2022** | **97,509** | **57** | **944** | **14,448** | **130** | **11,149** | **25** | **124,262** |
| **Dímheas** | | | | | | | | |
| Amhail 1 Meán Fómhair 2020 | 29,157 | - | 336 | 12,510 | 48 | 9,889 | 40 | 51,980 |
| Athrangú | - | - | 1 | - | - | 10 | (15) | (4) |
| Muirear sa thréimhse | 2,706 | - | 110 | 984 | 21 | 399 | - | 4,220 |
| Díchurtha ar dhiúscairtí | - | - | - | (92) | - | (10) | - | (102) |
| **Amhail 31 Márta 2022** | **31,863** | **-** | **447** | **13,402** | **69** | **10,288** | **25** | **56,094** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | | | | |
| **Amhail 31 Márta 2022** | **65,646** | **57** | **497** | **1,046** | **61** | **861** | **-** | **68,168** |
| **Amhail 1 Meán Fómhair 2020** | **66,787** | **40** | **293** | **548** | **63** | **464** | **-** | **68,195** |

| | Talamh & Foirgnimh | Sócmhainní faoi Thógáil | Daingneáin & feistis | Trealamh Ríomhaire | Gléasra & Innealra | Trealamh | Mótarfheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Costas** | | | | | | | | |
| Amhail 1 Meán Fómhair 2019 | 94,696 | 40 | 549 | 12,430 | 111 | 10,069 | 40 | 117,935 |
| Breiseanna sa thréimhse | 1,248 | - | 113 | 675 | - | 358 | - | 2,394 |
| Diúscairtí sa thréimhse | - | - | (33) | (47) | - | (74) | - | (154) |
| **Amhail 31 Lúnasa 2020** | **95,944** | **40** | **629** | **13,058** | **111** | **10,353** | **40** | **120,175** |
| **Dímheas** | | | | | | | | |
| Amhail 1 Meán Fómhair 2019 | 27,464 | - | 304 | 12,127 | 37 | 9,801 | 40 | 49,773 |
| Muirear sa bhliain | 1,693 | - | 61 | 428 | 11 | 158 | - | 2,351 |
| Díchurtha ar dhiúscairtí | - | - | (29) | (45) | - | (70) | - | (144) |
| **Amhail 31 Lúnasa 2020** | **29,157** | **-** | **336** | **12,510** | **48** | **9,889** | **40** | **51,980** |
| **Glanluach de réir na leabhar** | | | | | | | | |
| **Amhail 31 Lúnasa 2020** | **66,787** | **40** | **293** | **548** | **63** | **464** | **-** | **68,195** |
| **Amhail 1 Meán Fómhair 2019** | **67,232** | **40** | **245** | **303** | **74** | **268** | **-** | **68,162** |

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

## 14. Infháltais

| | 31/03/22 €'000 | 31/03/22 €'000 | 31/08/20 €'000 | 31/08/20 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Deontas Stáit Athfhillteach Infhaighte | | 155 | | - |
| Deontas Caipitil Stáit Infhaighte | | 88 | | 122 |
| Táillí Teagaisc agus eile infhaighte | 1,802 | | 364 | |
| *Lúide Soláthar um Dhrochfhiacha* | (362) | 1,440 | (266) | 98 |
| Deontais agus conarthaí Taighde infhaighte | | 1,015 | | 668 |
| Gníomhaíochtaí Féinmhaoinithe | | 180 | | 152 |
| Réamhíocaíochtaí & Ioncam Fabhraithe | | 664 | | 303 |
| Infháltais eile | 165 | | 204 | |
| *Lúide Soláthar um Dhrochfhiacha* | (20) | 145 | (20) | 184 |
| | | **3,687** | | **1,527** |

## 15. Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim

| | 31/03/22 €'000 | 31/08/20 €'000 |
|---|---|---|
| Airgead Tirim sa bhanc (iarmhéideanna ar thaisce gearrthéarma san áireamh) | 32,848 | 15,270 |
| | **32,848** | **15,270** |

## 16. Iníocthaí: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin

| | 31/03/22 €000's | 31/08/20 €000's |
|---|---|---|
| Iníocthaí tráchtála | 41 | 47 |
| Deontas Stáit Aisfhillteach - UAO | - | 285 |
| Deontais agus conarthaí taighde réamhfhaighte | 1,061 | 685 |
| Gníomhaíochtaí Féinmhaoinithe | 1,188 | 327 |
| Táillí Teagaisc réamhfhaighte | - | 156 |
| Ioncam Iarchurtha um Thacú Mac Léinn | 3,876 | 868 |
| Fabhruithe agus Ioncam Iarchurtha | 9,589 | 3,537 |
| Cáin agus slándáil sóisialta eile | 861 | 748 |
| Iníocthaí eile | 178 | 132 |
| **Iomlán Creidiúnaithe** | **16,794** | **6,785** |

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

## 17. Commitments under Property Leases

At the year end the Institute had commitments under property leases expiring as follows:

| | 31/03/22 €000's | 31/08/20 €000's |
|---|---|---|
| Within 1 Year | - | 15 |
| Between 2 & 5 Years | - | 3 |
| Greater than 5 years | - | - |
| **Total Commitments** | **-** | **18** |

## 18. Ceangaltais faoi Léasanna Réadmhaoine

| | 31/03/22 €000's | 31/08/20 €000's |
|---|---|---|
| **Amhail 1 Meán Fómhair** | | |
| **Iarmhéid Tosaigh** | **68,150** | **68,148** |
| **Deontais Chaipitil Infhaighte** | | |
| Cionroinnte ó Dheontas Stáit Athfhillteach - UAO | 1,963 | 1,466 |
| Deontas Caipitil Stáit - UAO | 1,422 | 593 |
| Cionroinnte ó Dheontais & Conarthaí Taighde | 441 | 223 |
| Cionroinnte ó Mhaoiniú um Thacú Mac Léinn | 54 | 44 |
| Deontais Chaipitil/Maoiniú Eile | 48 | - |
| Cionroinnte ó Chúlchiste Forbartha Caipitil | 439 | 28 |
| **Iomlán** | **4,367** | **2,354** |
| Diúscairtí | (112) | (154) |
| **Amúchta um Ioncam agus Caiteachas sa bhliain** | | |
| Amúchta de réir dímheasa | (4,194) | (2,345) |
| Diúscairtí | 102 | 147 |
| **Amhail 31 Márta / Lúnasa** | | |
| **Iarmhéid Deiridh** | **68,313** | **68,150** |

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

## 19. Cúlchiste Forbartha Caipitil

| | 31/03/22<br>€000's | 31/08/20<br>€000's |
|---|---|---|
| Iarmhéid Tosaigh | 7,765 | 4,949 |
| Cionroinnte um Thionscadail Chaipitil | (439) | (28) |
| Aistriú chuig Cúlchiste Forbartha Caipitil | 12,270 | 2,844 |
| Iarmhéid Deiridh | **19,596** | **7,765** |

Tá suimeanna a cuimsíodh sa Chúlchiste Forbartha Caipitil curtha in áirithe le haghaidh um thionscadail chaipitil ar leith, ar a n-áirítear an Mol Spóirt Réigiúnach, an Leabharlann, Oifigí Foirne agus áiseanna feabhsaithe ag an Scoil Turasóireachta. Tá siad seo ar fad faofa ag an mBord Rialaithe.

## 20. Ceangaltais Chaipitil

| | 31/03/22<br>€000's | 31/08/20<br>€000's |
|---|---|---|
| Faoi chonradh ach gan soláthar | 103 | 643 |
| | **103** | **643** |

## 21. Páirtithe Gaolmhara

I ngnáthchúrsaí gnó féadfaidh an Institiúid conarthaí a dhéanamh le comhlachtaí ina bhfuil comhaltaí de Bhord Rialaithe na hInstitiúide fostaithe nó a bhfuil leas tairbhiúil acu iontu ar shlí eile. Tá cleachtais glactha ag an Institiúid de réir Chód Cleachtais Institiúidí Teicneolaíochta Éireann maidir le leasanna chomhaltaí an Bhoird a nochtadh agus chomhlíon an Institiúid na cleachtais sin i gcaitheamh na bliana.

I gcaitheamh na tréimhse 19 mí, íocadh €100,000 (2020: € Nialas) chuig Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall mar chuid den tionscadal um Chnuas Trasteorann. Is príomhpháirtí an chiste seo LYIT, atá freagrach as maoiniú a dháileadh ar pháirtnéirí eile tionscadail.

## 22. Dliteanais Theagmhasacha

Ní raibh dliteanais theagmhasacha ar bith amhail 31 Márta 2022 agus 31 Lúnasa 2020.

## 23. Imeachtaí i ndiaidh an Ráitis ar Staid an Airgeadais

Chruthaigh an ghéarchéim Covid-19 mórdhúshláin ghnó do na hinstitiúidí tríúleibhéal ar fad. I gcomhar leis an Roinn Bhreisoideachais & Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, an tÚdarás um Ard-Oideachas agus na heagrais tríúleibhéal ar fad, tá an Institiúid ag measúnú na n-iarmhairtí leanúnacha agus dóchúla ar fad a éiríonn uaidh seo agus tugtar tuairiscí rialta chuig an mBord Rialaithe. Ní raibh aon imeachtaí suntasacha i ndiaidh dháta an Ráitis ar Staid an Airgeadais a d'fhéadfadh impleachtaí a bheith acu maidir leis na ráitis airgeadais seo.

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

## 24. Ollscoil Teicneolaíochta: Comhaontas Chonnacht Uladh

I mí Bhealtaine 2021 sheol CCU (comhaontas straitéiseach idir Institiúid Teicneolaíochta Ghaillimh-Mhaigh Eo, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus Institiúid Teicneolaíochta Shligigh) iarratas um ainmniú mar OT; rinne Painéal Idirnáisiúnta luacháil air seo i mí Iúil 2021. Ar 28 Deireadh Fómhair, dhearbhaigh an tAire BATNE ainmniú um fheidhmiú mar Ollscoil Teicneolaíochta (OT) don Iarthar agus an Iarthuaisceart. Ainmneofar an OT nua mar Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh agus ainmníodh mar sin ar 1 Aibreán 2022. Soláthróidh OT an Atlantaigh oideachas agus taighde chun freastal ar riachtanais eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha an réigiúin Thiar/Thiarthuaidh agus cuideoidh sé go suntasach um na torthaí atá léirithe sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus Éire 2040 a bhaint amach.

Le linn na tréimhse i gceist, ba iad seo a leanas na cuspóirí tionscadail ar leith:

I. Comhlíonadh na gcritéar OT mar atá sonraithe san Acht um OT 2018;

II. Idirbheartaíocht um MT comhaontaithe leis an TUI a chríochnú;

III. Doiciméadúchán iarratais um ainmniú mar OT a ullmhú agus a sheoladh;

IV. Ullmhú um agus gníomhú leis an bPainéal Idirnáisiúnta.

Le linn na tréimhse i gceist, bhunaigh CCU Comhbhord Rialaithe agus Comhchoiste Feidhmiúcháin. Tar éis don Aire ainmniú mar OT a dhearbhú agus a fhógairt, dhírigh CCU ar phleanáil don tréimhse eatramhach maidir leis an ollscoil nua a bhunú agus a fheidhmiú mar aonad. Maoiníodh an tionscadal seo go díreach tríd an TUTF. Is é €34.95M costas measta iomlán an tionscadail go deireadh mhí Lúnasa 2023. Idir mí Mheán Fómhair 2020 agus mí Lúnasa 2021 chionroinn CCU €11.4M ina iomláine um ghníomhaíochtaí OT; maoiníodh €5.7M ón UAO, via TUTF. Caitheadh €8.1M den mhaoiniú seo le linn na tréimhse. Caitheadh an maoiniú uile um chuspóirí an tionscadail, de réir 8 bpacáiste oibre a thacaíonn na crainn taca lárnacha.

## 25. Costais um Shochair Scoir

*(i) Foirniú*

Tugtar oibleagáidí um shochar scoir i gcuntas den chéad uair sna ráitis airgeadais 2016/2017. Tá an stádas tosaigh amhail 1 Meán Fómhair 2016 measta ag an actúire, bunaithe ar chúinsí an mhargaidh an tráth sin.

*(ii) Cur síos ar na Scéimeanna*

Is é atá sa scéim pinsin ná scéim pinsin le sochar sainithe bunaithe ar thuarastal deiridh; sainítear sochair agus ranníocaíochtaí i bhfianaise "múnla" reatha rialachán um scéim pinsin na hearnála poiblí. Tugann an scéim pinsean (1/80ú in aghaidh gach bliain seirbhíse), aisce nó cnapshuim (3/80ú in aghaidh gach bliain seirbhíse) agus pinsin do chéile agus do leanaí. Is é 65ú breithlá an bhaill an Gnáthaois Scoir; tá teidlíocht ag baill réamh-2004 scor gan laghdú actúireach ó aois 60. De ghnáth, ardaítear pinsin faoi íocaíocht (agus iarchurtha) i gcomhréir le boilscniú ginearálta tuarastail san earnáil phoiblí. Coimeádann an Institiúid ha hasbhaintí ó bhaill.

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

**Costais um Shochair Scoir (ar leanúint)**

*Scéim Aonair*

I gcás fostaithe a earcaíodh ag an Institiúid i ndiaidh 1 Eanáir 2013, is baill iad de Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí de réir na nAchtanna um Pinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. De réir an Achta íoctar asbhaintí ó phá fostaithe faoin Scéim Aonair chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil.

Is í an Scéim Aonair an scéim pinsin slí bheatha le haghaidh iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí a earcaíodh ó 1 Eanáir 2013. Is scéim pinsin le sochair sainithe í; tá na sochair scoir bunaithe ar mheánthuarastal gairmréime. Gineann an scéim creidiúnaithe pinsin agus creidiúnaithe um chnapshuim scoir le haghaidh gach ball scéime. Fabhraíonn na creidiúnaithe airgid seo, dá gairtear "suimeanna inthagartha" mar chéatadáin phá ar bhonn leanúnach. Gach bliain go scor déantar athluacháil ar na suimeanna inthagartha a fhabhraítear i gcomhréir le méadaithe boilscithe (Praghasinnéacs Tomhaltóirí). Is ionann an pinsean bliantúil a bhronntar tráth scoir agus iomlán cnuasaithe na suimeanna inthagartha pinsin ag an mball; is ionann an chnapshuim scoir a bhronntar agus iomlán na suimeanna inthagartha um chnapshuim scoir ag an mball.

*Luacháil*

Tá an luacháil a úsáideadh um nochtuithe FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán ag achtúire cáilithe neamhspleách, agus aird á tabhairt ar éilimh an FRS um dhliteanais na scéime amhail 31 Márta 2022. Ar dhul ar scor, íocann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte pinsin na mball ar son na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, agus cuirtear na híocaíochtaí sin de mhuirear ar chuntas leithghabhála na Roinne sin. Mar sin, tá iarfhostaithe na hInstitiúide a bhfuil pinsean á fháil acu eisiata ón luacháil. Léirítear mar ghnóthachain eispéiris an laghdú dliteanais a éiríonn ó bhaill a théann ar scor le linn na bliana agus aithnítear é sin ar leith sa réiteach dliteanais. Is iad seo a leanas na foshuíomhanna príomha achtúireacha a úsáideadh chun comhpháirteanna an chostais sochair sainithe don Tréimhse dar críoch 31 Márta 2022:

| | **31/03/22** | **31/08/20** |
|---|---|---|
| Ráta Lascaine | 1.71% | 1.10% |
| Ráta Boilscithe | 2.11% | 1.40% |
| Arduithe Tuarastail | 3.36% | 2.65% |
| Arduithe Pinsin | 2.86% | 2.15% |

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

**Costais um Shochair Scoir (ar leanúint)**

Ligeann an bonn báis a glacadh le haghaidh feabhsuithe ar ionchas saoil le himeacht aimsire, ionas go mbraitheann ionchas saoil um scor ar an mbliain ina mbaineann ball an aois scoir amach (aois 65). Tá líon na mball sa Scéim agus líon na mbás róbheag um anailís chun meastacháin chiallmhara a fháil ar leibhéil bháis sainscéime amach anseo. Is iad na meánionchais saoil de réir na táblai báis a úsáideadh chun dliteanais phinsin a chinneadh ná:

| | 2022<br>Blianta | 2020<br>Blianta |
|---|---|---|
| Fear in aois 65 | 21.8 | 21.7 |
| Bean in aois 65 | 24.1 | 24.1 |

*(iii) Anailís ar chostais iomlána um shochar scoir a cuireadh de mhuirear ar an Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach*

| | 31/03/22<br>€'000 | 31/08/20<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costas reatha seirbhíse – ranníocaíochtaí fostaí san áireamh | 14,646 | 9,039 |
| Ús ar dhliteanais scéime um shochar scoir | 3,794 | 1,690 |
| Ranníocaíochtaí fostaí | (2,330) | (1,453) |
| | **16,110** | **9,276** |

*(iv) Gluaiseacht glanoibligeáidí um shochar scoir le linn na bliana airgeadais*

| | 31/03/22<br>€'000 | 31/08/20<br>€'000 |
|---|---|---|
| Glanoibleagáid um shochar scoir amhail 1 Meán Fómhair | 192,055 | 194,340 |
| Costais reatha seirbhíse | 12,316 | 7,586 |
| Ranníocaíochtaí fostaí | 2,330 | 1,453 |
| Costais Úis | 3,794 | 1,690 |
| (Gnóthacháin) / Caillteanais Éispéiris | (2,747) | 369 |
| Laghdú ar dhliteanais phinsin ag éirí ó dhul ar scor sa thréimhse | (6,353) | (6,533) |
| Athruithe ar fhoshuíomhanna achtúireacha | (1,377) | (6,850) |
| Glanoibleagáidí um shochar scoir amhail 31 Márta / Lúnasa | 200,018 | 192,055 |
| Roinnte idir | | |
| Scéim Aonair Pinsin na Seirbhíse Poiblí | 5,076 | 3,317 |
| Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais | 194,942 | 188,738 |
| | **200,018** | **192,055** |

*(v) Sócmhainn maoinithe iarchurtha um shochair scoir*

Tá an Institiúid forordaithe faoi I.R. Uimh. 581 2012 mar údarás ábhartha chun críche na scéime aonair. Is í tuairim na hInstitiúide (de réir Alt 44 den Acht 2012) go mbeadh dliteanas ar bith maidir leis an Scéim Aonair fritháirithe ag sócmhainn choibhéiseach maidir le maoiniú feasta stáit.

**Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn**

**Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais**

**Don tréimhse dar críoch 31 Márta 2022**

**Costais um Shochair Scoir (ar leanúint)**

Aithníonn an Institiúid suimeanna dlite ón Stát um an dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha le haghaidh sochair scoir maidir le Scéim Aoisliúntais na hEarnála Oideachais 2015 ar bhonn na sraithe foshuíomhanna a luaitear thuas agus roinnt imeachtaí roimhe seo. Áirítear orthu seo an bonn reachtúil le bunú na scéime um shochar scoir, agus an polasaí agus cleachtas reatha maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, ar a n-áirítear ranníocaíochtaí ag fostaithe agus próiseas na meastachán bliantúla. Níl fianaise ar bith ag an Institiúid nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo ag freagairt do shuimeanna dá leithéid de réir an chleachtais reatha.

Bhí an glanmhaoiniú iarchurtha um shochair scoir a aithníodh sa Ráiteas um Ioncam Cuimsitheach mar seo a leanas:

| | **31/03/22** | **31/08/20** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais sochair scoir sa bhliain reatha | 16,110 | 9,276 |

B'ionann dliteanais mhaoinithe iarchurtha um shochar scoir amhail 31 Márta 2022 ná €200,018,000 (2020: €192,055,000)

*(vi) Stair oibleagáidí um shochair shainithe*

| | **31/03/22** | **31/08/20** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Oibleagáidí um shochar sainithe | 200,018 | 192,055 |

## 26. Suimeanna Comparáideacha

Leasaíodh suimeanna comparáideacha áirithe um chuidiú le comparáideacht. Ní raibh aon tionchar ar an mbarrachas ná ar ghlansócmhainní mar ar tuairiscíodh ar dtús iad.

## 27. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

Rinne Bord Rialaithe Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar 24th Iúil 2023.